

MAIDIR LE HIARRATAS CHUIG

AN mBORD PLEANÁLA

AR CHEADÚ (I) CHUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA
GAILLIMHE DE BHUN ALT 51 D'ACHT NA mBÓITHRE 1993
(ARNA LEASÚ); (II) SCÉIM MÓTARBHEALAI GH
CHUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE 2018; agus
(III) SCÉIM BÓTHAIR CHOSANTA CHUARBHÓTHAR N6
CHATHAIR NA GAILLIMHE 2018

Tag. ABP ABP-302848-18 agus ABP-302885-18

ÉISTEACHT Ó BHÉAL

Ráiteas Fianaise

Freagairtí ar Mheasúnacht Chuí

Ailtireachta & Oidhreachta Cultúrtha

le

**Aebhín Cawley CEnv, MCIEEM, BA (Onóracha) Zó-Eolaíocht, Diop. Iarchéime
sa Phleanáil Fhisiceach**

**Andrew Speer, MCIEEM, BSc (Onóracha) Zó-Eolaíocht, Diop. Iarchéime sna
Córais Faisnéise Geografaí, Saindiop. sa Dlí Pleanála agus Timpeallachta**

19 Feabhra 2020

1 Cáilíochtaí agus Taithí

1.1 An Príomhéiceolaí - Aebhín Cawley

- 1.1.1 Aebhín Cawley is ainm dom. Is stiúrthóir bainistíochta mé ag Scott Cawley. Tá céim sa Zó-eolaíocht agus diplóma iarchéime sa Phleanáil Fhisiceach agam ó Ollscoil Bhaile Átha Cliath (Coláiste na Tríonóide). Is Gníomhaí Timpeallachta Cairte (CEnv) mé leis an gCumann don Chomhshaol (Soc Env) agus is comhalta iomlán mé d'Institiúid Chairte na hÉiceolaíochta agus na Bainistíochta Comhshaoil (CIEEM). Tá mé i mo leastionólaí ar Chraobh na hÉireann den CIEEM agus cheap an tAire Bruton mé ar Choiste Comhairleach na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil le déanaí.
- 1.1.2 Tá 19 mbliana de thaithí ghairmiúil agam, 17 acu sin sa tsuirbhéireacht éiceolaíoch agus measúnacht tionchair ar thionscadail san earnáil phoiblí agus phríobháideach lena n-áirítear tionscadail bóthair agus mórtionscadail bhonneagair eile. Tá obair sa Mheasúnacht Chúí á déanamh agam in Éirinn ó 2002 i leith agus cuirim oiliúint ar Mheasúnacht Chúí ar fáil go rialta don earnáil phoiblí.

1.2 Éiceolaí Sinsearach - Andrew Speer

- 1.2.1 Is Stiúrthóir Teicniúil é Andrew Speer le Scott Cawley. Tá céim onóracha sa Zó-eolaíocht aige ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus diplóma iarchéime sna Córais Faisnéise Geografaí. Is lánbhall é den CIEEM. Tá breis is 14 bliana de thaithí ghairmiúil ag Andrew ag ullmhú Measúnachtaí Tionchair Éiceolaíochta, caibidlí ar Fhlóra & Fána/Bithéagsúlacht do Ráitis Tionchair Timpeallachta/Tuarascálacha ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta, tuarascálacha Scagtha na Measúnachta Cuí agus Ráitis/Tuarascálacha Tionchair Natura i gcomhair réimse tionscadal agus pleananna forbartha, lena n-áirítear tionscadail bhonneagair straitéisigh ar nós scéimeanna bóthair náisiúnta. Áirítear leis sin réimse leathan de chláir shuirbhéireachta éiceolaíochta allamuigh casta a dhéanamh agus a bhainistiú, tionchair a mheasúnú agus bearta maolaithe a dhearadh/a fhorfheidhmiú do speicis agus do ghnáthóga faoi chosaint.

2 Ról san Fhorbairt Bóthair atá Beartaithe

- 2.1 Ba é an ról a bhí ag Scott Cawley i dTionscadal Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe measúnú bithéagsúlachta a dhéanamh i ndáil leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe agus sainchomhairle éiceolaíoch a sholáthar do Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus d'fhoireann an tionscadail i ngach céim den fhorbairt bóthair atá beartaithe ó 2013 i leith, ó shriantaí agus roghnú bealaigh go forbairt an dearaidh agus tiomsú an TMTT agus an Ráitis Tionchair Natura. Bhí Scott Cawley freagrach as suirbhéanna éiceolaíochta a rinneadh ag céimeanna na sriantaí, an roghnaithe bealaigh agus Measúnacht Tionchair Timpeallachta a dhearadh agus a sheachadadh agus an dá chuid éiceolaíochta den Tuarascáil ar Bhealach a Roghnú, Caibidil 8, Bithéagsúlacht, den TMTT agus na hagusíní lena mbaineann, Soláthar na

Faisnéise do Thuarascáil Scagtha na Measúnachta Cuí agus an Ráiteas Tionchair Natura, a ullmhú.

- 2.2 Bhí freagracht fhoriomlán ormsa, Aebhín Cawley, as na seirbhísí éiceolaíochta go léir a sheachadadh don fhorbairt bóthair atá beartaithe agus bhí ról maoirseachta agus gníomhach agam i ndearadh na modheolaíochtaí agus scóip suirbhéireachta, i measúnacht na dtionchar, agus i bhforbairt na straitéise maolaithe. Rinne mé gnéithe ar leith den obair shuirbhéireachta allamuigh freisin ar gach cuid den fhorbairt bóthair atá beartaithe le linn an tionscadail.
- 2.3 Bhí Andrew Speer freagrach as na suirbhéanna éiceolaíochta a sheachadadh, na tionchair a mheasúnú, agus an straitéis mhaolaithe a fhorbairt. Bhí sé freagrach as an bhfoireann suirbhéireachta éiceolaíochta allamuigh a chomhordú agus ba é an príomhúdar ar Chaibidil 8, Bithéagsúlacht den TMTT agus ar na hagusíní lena mbaineann, Soláthar Faisnéise don Tuarascáil Scagtha ar Mheasúnacht Chuí agus Ráiteas Tionchair Natura (RTN). Mar aon leis an bhfoireann suirbhéireachta allamuigh a bhainistiú, rinne Andrew gnéithe suntasacha den obair shuirbhéireachta allamuigh é féin ar gach cuid den fhorbairt bóthair atá beartaithe le linn an tionscadail.
- 2.4 Bhí tacaíocht agam féin agus ag Andrew ó fhoireann de bhreis ar 50 éiceolaí allamuigh, lena áiríodh speisialtóirí éagsúlachta (féach ar Thábla 4.1 den Ráiteas Tionchair Natura le haghaidh scóip na suirbhéanna agus na foirne suirbhéireachta), mar aon le foireann éiceolaithe a bhí fostaithe ag Scott Cawley.

3 **Príomhghnéithe Mheasúnachtaí na Treorach maidir le Gnáthóga**

- 3.1 Ba chóir a lua ar dtús go dtéann an ráiteas fianaise seo i ngleic le ceisteanna a tarraingíodh anuas in aighneachtaí agus in agóidí i ndáil leis na measúnachtaí a chaithfidh an Bord a dhéanamh ina ról mar an t-údarás inniúil chun críocha na Treorach maidir le Gnáthóga agus Cuid XAB den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú. Tá ráiteas ar leith ullmhaithe a théann i ngleic le ceisteanna a tarraingíodh anuas in aighneachtaí agus agóidí a rinneadh maidir leis na tionchair ionchasacha ar an mbithéagsúlacht a thagann ón bhforbairt bóthair atá beartaithe le haghaidh Measúnacht Tionchair Timpeallachta ar leith agus éagsúil nach mór don Bhord a dhéanamh freisin. I gcomhthéacs mheasúnachtaí na Treorach maidir le Gnáthóga atá le déanamh ag an mBord, glactar leis gur léadh an fhaisnéis a cuireadh faoi bhráid cheana i dTuarascáil Scagtha na Measúnachta Cuí agus sa Ráiteas Tionchair Natura [RTN] ina hiomláine agus ní dhéantar aithris orthu anseo. Chun cabhrú leis an mBord a mhachnamh a dhéanamh ar an iarratas seo i gcomhair ceada agus ar mhaithe le háisiúlacht na rannpháirtithe go léir ag an éisteacht seo, tugtar achoimre ghairid thíos ar na príomh-mhéireanna a bhaineann le measúnuithe na Treorach maidir le Gnáthóga a rinneadh ar son Chomhairle Chontae na Gaillimhe i ndáil leis an N6 GCRR atá beartaithe.

- 3.2 Sa “Soláthar Faisnéise le haghaidh Tuarascáil Scagtha na Measúnachta Cuí”, baineadh de thátal as nárbh fhéidir, ag Scagadh Chéim a hAon, féidearthacht aon tionchar suntasach ar na ceithre láithreán Eorpacha atá laistigh de Chríos Tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe – cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, agus SPA Chuan Istigh na Gaillimhe – a chur as an áireamh. Mar sin, baineadh de thátal as Tuarascáil Scagtha na Measúnachta Cuí go bhfuil Measúnacht Chuí Chéim a Dó ag teastáil le haghaidh an iarratais ar chead don fhorbairt bóthair atá beartaithe. Dá réir sin, cuireadh Ráiteas Tionchair Natura faoi bhráid an Bhoird Pleanála leis an iarratas don fhorbairt bóthair atá beartaithe.
- 3.3 Leagtar amach an cur síos iomlán ar an timpeallacht éiceolaíoch atá ann, mar a bhaineann sé le measúnachtaí na Treorach maidir le Gnáthóga, i gCuid 5 den RTN. Ba chóir a thabhairt faoi deara ag an tús gurb é cSAC Loch Coirib an t-aon láithreán Eorpach a thrasnaíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe. Tá cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan Istigh na Gaillimhe síos an abhainn ón bhforbairt bóthair atá beartaithe agus ní thrasnaíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe iad. Cé go bhfuil SPA Loch Coirib suite go ginearálta suas an abhainn ón bhforbairt bóthair atá beartaithe, doirteann sruth éalaithe amháin (an sruth éalaithe draenála atá beartaithe do Bhóthar Ceangail N59 ó Thuaidh) ar deireadh chuig cuid d’Abhainn na Gaillimhe atá laistigh de limistéar ainmnithe ainmniú SPA Loch Coirib. Tá measúnú mionsonraithe sa RTN de na tionchair is dócha, más ann dóibh, a bheidh ar na ceithre láithreán Eorpacha sin. Ar na cúiseanna a leagtar amach i dTuarascáil Scagtha na Measúnachta Cuí, féadann an Bord a chinneadh go bhfuil gá le Measúnacht Chuí Chéim a Dó den fhorbairt bóthair atá beartaithe toisc nach féidir a chur as an áireamh – ar bhonn na faisnéise oibiachtúla atá i dTuarascáil Scagtha na Measúnachta Cuí agus sna doiciméid eile a cuireadh isteach leis an iarratas ar chead – go mbeidh tionchar suntasach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe, leis féin nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile, ar cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus ar SPA Chuan Istigh na Gaillimhe. D’fhonn an dabht a sheachaint, níor cuireadh tionchar aon bheart maolaithe san áireamh i dTuarascáil Scagtha na Measúnachta Cuí.
- 3.4 Maidir leis na ceithre láithreán Eorpacha a bhfuil gá le Measúnacht Chuí Chéim a Dó den fhorbairt atá beartaithe dóibh – toisc nach féidir a chur as an áireamh, ar bhonn na faisnéise oibiachtúla, go mbeidh tionchar suntasach ag an bhforbairt atá beartaithe, leis féin nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile, ar na ceithre láithreán Eorpacha sin – bhain an RTN de thátal as nach mbeidh tionchar díobhálach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe (go díreach ná go hindíreach) ar shláine aon láithreáin Eorpaigh agus nach bhfuil aon dabht eolaíoch réasúnach faoin tátal sin. Go deimhin, baineadh de thátal as nach mbeadh aon tionchar díobhálach ar shláine aon láithreáin Eorpaigh tar éis imscrúdú, anailís agus measúnú i bhfianaise an eolais eolaíoch is fearr den fhaisnéis ábhartha ar fad faoi Leasanna Cáilitheacha [LC], gnáthóga agus speicis na gceithre láithreán Eorpacha laistigh de Chríos Tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe, faoi na tionchair ionchasacha agus na bearta maolaithe, agus faoi cibé an rachadh nó nach rachadh

na tionchair atá tuartha i bhfeidhm ar na cuspóirí caomhnaithe a thacaíonn le cáilíocht caomhnaithe na LCanna atá i gceist.

- 3.5 Mar fhreagra ar an Iarratas ar Fhaisnéis Bhreise (IFB) a fuair an Bord Pleanála, cuireadh tuilleadh relevé ar fáil do gach ionad ina luíonn teorainn na forbartha thar chiumhais cSAC Loch Coirib. Taifeadadh 116 relevé (i.e. aonad bunúsach réimse a úsáidtear chun sonraí samplála fásra a thaifeadadh) idir Mí an Mheithimh agus Mí Lúnasa 2019 sna ceantair forluí sin. Cuireadh torthaí na hoibre suirbhé sin faoi bhráid an Bhoird Pleanála i mí Lúnasa 2019. Sa tuarascáil dar teideal Torthaí Suirbhéireachta Gnáthóige 2019 do Chuarbhóthar N6 Cathair na Gaillimhe (Scott Cawley, 2019), a chuimsítear mar Aguisín A.3.1 leis an bhFreagra IFB, tugtar breac-chuntas ar aon impleachtaí a bhí ag an obair suirbhé a rinneadh ó mhí an Mheithimh go mí Lúnasa 2019 do thorthaí agus do thátail an RTN. Ba é an t-aon athrú ábhartha do mhapáil gnáthóige an RTN ná limistéar breise de ghnáthóg pábhála Aolchloiche [*8240] a sainaitníodh i Mionlach (idir Ch. 10+050 agus Ch. 10+100), laistigh d'fhorluí idir teorainn na forbartha atá beartaithe agus cSAC Loch Coirib (tuairim is 205m²).
- 3.6 Ba chóir a thabhairt faoi deara go raibh dhá nuashonrú ar an gcomhthéacs inar chóir don Bhord a mheasúnachtaí don Treoir maidir le Gnáthóga a dhéanamh ó cuireadh an t-iarratas ar chead faoi bhráid an Bhoird. Ar an gcéad dul síos, de bhun Rialacháin 2019 an Aontais Eorpaigh maidir le hÉin Fhiáine a Chaomhnú (Limistéar faoi Chosaint Speisialta Chuan na Gaillimhe Istigh 004031),¹ ainmníodh an láithreán mar Limistéar faoi Chosaint Speisialta agus rinneadh coigeartú ar an liosta de speicis sainspéise caomhnaithe (SCI) chun an lóma Arctach (*Gavia arctica*) a chur leis agus an Spadalach (*Anas clypeata*) a bhaint de². Ar an dara dul síos, mar thoradh ar obair suirbhé dheimhniúcháin a rinneadh i samhradh 2019, rinneadh coigeartuithe áirithe ar bhonnlíne na gnáthóige³, agus moladh mionathruithe ar dhearadh na forbartha bóthair atá beartaithe agus ar an straitéis maolaithe a beartaíodh. D'ainneoin na gcoinníollacha breise sin, tá an seasamh fós mar a leagadh amach sa RTN: ní bheidh tionchar díobhálach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe (go díreach ná go hindíreach) ar shláine aon láithreáin Eorpaigh, leis féin nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile, agus níl aon dabht eolaíoch réasúnach maidir leis an tátal sin.

Mionathrú ar Bhóthar Ceangail na Páirce Móire atá Beartaithe

- 3.7 Ní bheidh aon tionchar ag an Mionathrú ar Bhóthar Ceangail na Páirce Móire atá beartaithe ar raon feidhme ná ar chonclúidí na measúnachta atá curtha i láthair sa RTN agus Freagra IFB. Tá na tailte ar a mbeidh tionchar ag an mionathrú atá beartaithe lasmuigh de láithreáin Eorpacha ar bith agus ní sholáthraíonn siad ról tacúil do leas cáilithe ghnáthóga Iarscríbhinn I nó speicis Iarscríbhinn II ar aon láithreáin Eorpacha. De réir mar a measúnaíodh sa RTN (Ailt 9.3.4.3, 9.3.4.4, 9.4.4.3 agus 9.4.4.4), ar ócáidí tacaítear le speicis d'éin gheimhrithe sa limistéar sin

¹ I.R. Uimh. 515/2019

² Féach ar Chuid 5.2.2 den Fhreagra IFB, lch. 71, alt 5.

³ Freagra IFB, Aguisín A.3.1 Torthaí Suirbhéireachta Gnáthóige 2019 do Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe, IFB Imleabhar 2.

atá liostaithe mar leasanna caomhantais speisialta do láithreáin SPA Loch Coirib agus SPA Chuan Istigh na Gaillimhe in aice láimhe. Ní théann an mionathrú atá beartaithe, áfach, i bhfeidhm ar chonclúid na measúnachta RTN nach mbeidh aon tionchar ag cailteanas gnáthóg, boghadh gnáthóg nó éifeachtaí cur isteach ar éin gheimhrithe, lena n-áirítear gar do Ráschúrsa na Gaillimhe (láithreán éan geimhrithe WB23 sa RTN), ar dhaonraí leasanna caomhantais speisialta ar láithreáin Eorpacha ar bith, agus SPA Loch Coirib agus SPA Chuan Istigh na Gaillimhe san áireamh.

- 3.8 Ach na bearta maolaithe atá molta cheana féin sa RTN a chur i bhfeidhm, níl aon riosca ann go mbeidh tionchar ag an Mionathrú ar Bhóthar Ceangail na Páirce Móire atá beartaithe ar thimpeallacht ghlactha láithreán Eorpach ar bith nó go mbainfear an bonn de chuspóirí caomhnaithe láithreán Eorpach ar bith. Is é conclúid na measúnachta RTN fós, tar éis scrúdú, anailís agus measúnú a dhéanamh ar Mhionathrú ar Bhóthar Ceangail na Páirce Móire atá beartaithe, agus trí na bearta maolaithe atá molta cheana féin sa RTN a chur i bhfeidhm, nach mbeidh tionchar díobhálach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar shláine láithreán Eorpach ar bith, leis féin nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile.

Mionathrú ar Mhaolú atá beartaithe ag Campas Spóirt OÉG

- 3.9 Trí bhaint na bpáirceanna spóirt atá beartaithe, mar chuid de na bearta maolaithe ag Campas Spóirt OÉG, ó dhearadh na forbartha bóthair atá beartaithe laghdófar achar foriomlán na talún ar a mbeidh tionchar díreach go háitiúil agus, dá bhrí sin, laghdófar éifeachtaí ionchasacha na forbartha bóthair atá beartaithe ar bhithéagsúlacht ag Campas Spóirt OÉG. De réir mar a measúnaíodh sa RTN (Ailt 9.3.4.3, 9.3.4.4, 9.4.4.3 agus 9.4.4.4), ní thacaítear le speicis d'éin gheimhrithe ag Páirceanna Spóirt OÉG atá liostaithe mar leasanna caomhantais speisialta do láithreáin SPA Loch Coirib agus SPA Chuan Istigh na Gaillimhe atá in aice láimhe. Trí bhaint na bpáirceanna spóirt atá beartaithe, mar chuid de na bearta maolaithe ag Campas Spóirt OÉG, ó dhearadh na forbartha bóthair atá beartaithe laghdófar raon feidhme chaillteanas na ngnáthóg agus an chuir isteach ionchasach ag an láthair sin ar speicis éan de leas caomhantais speisialta a úsáideann na tailte ag Campas Spóirt OÉG. Mar thoradh air sin, ní bheidh aon tionchar ag an mionathrú atá beartaithe ar dhearadh na forbartha bóthair atá beartaithe ar raon feidhme ná ar thorthaí na measúnachta atá curtha i láthair sa RTN agus Freagra IFB.
- 3.10 Ach na bearta maolaithe atá molta cheana féin sa RTN a chur i bhfeidhm, níl aon riosca ann go mbeidh tionchar ag an mionathrú ar dhearadh na forbartha bóthair atá beartaithe ag Campas Spóirt OÉG ar thimpeallacht ghlactha láithreán Eorpach ar bith nó go mbainfear an bonn de chuspóirí caomhnaithe láithreán Eorpach ar bith. Is é conclúid na measúnachta RTN fós, tar éis scrúdú, anailís agus measúnú a dhéanamh ar bhaint na bpáirceanna spóirt atá beartaithe, agus trí na bearta maolaithe atá molta cheana féin sa RTN a chur i bhfeidhm, nach mbeidh tionchar díobhálach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar shláine láithreán Eorpach ar bith, leis féin nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile.
- 3.11 Tagann an moladh chun Páirceanna Spóirt OÉG a bhaint ó dhearadh na forbartha bóthair atá beartaithe chun cinn mar fhreagairt ar iarratas pleanála ar leith a rinne

OÉG maidir le páirceanna breise (Tag. Phleanála 19372). Is iarratas beo é sin gan aon chinneadh go fóill ina leith.

4 Freagairtí ar Aighneachtaí/Agóidí

4.1 Forbheathnú

4.1.1 Baineann tuairim is 15 den 296 aighneacht a seoladh chuig an mBord Pleanála maidir le Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (GCRR) le Measúnacht Chúí. Baineann dhá cheann de na 17 n-aighneacht a cuireadh faoi bhráid an Bhoird Pleanála i ndáil leis an bhFreagra IFB a cuireadh isteach i mí Lúnasa 2019 le Measúnacht Chúí. Is iad seo a leanas na príomhcheisteanna a tarraingíodh anuas maidir le Measúnacht Chúí:

- Athruithe ionchasacha ar theorainn cSAC Loch Coirib
- Tionchair gnáthóige ar cSAC Loch Coirib
- cSAC Loch Coirib agus naisc agus idirghníomhaíochtaí hidrigeolaíocha
- Scóip na Measúnachta RTN i ndáil le cuspóirí caomhnaithe cSAC Loch Coirib
- Acmhainneacht go mbeadh tionchair suaite comhcheangail/díláithrithe ar mhadraí uisce i cSAC Loch Coirib
- Riosca ionchasach imbhuailte d'éin ó Dhroichead Abhainn na Gaillimhe atá beartaithe
- Bearta Maolaithe – Éin
- Bearta Maolaithe agus Monatóireacht
- Comhlíonadh cheanglais na Treorach maidir le Gnáthóga agus bhreithiúnais Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le Measúnacht Chúí.
- Tionchair tógála ar cSAC Loch Coirib
- Tionchair ar ghnáthóga Iarscríbhinn I
- Tionchar ar shláine cSAC Loch Coirib mar thoradh ar thollánú

Déantar mionphlé orthu sin ar fad thíos.

4.2 Athruithe Ionchasacha ar Theorainn cSAC Loch Coirib

Ceist

4.2.1 Tharraing an tAonad Iarratais Forbartha, an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta [S_018.2] anuas na ceisteanna a leanas, lena n-áirítear san aighneacht bhreise (dar dáta an 24 Eanáir 2020):

- Féadann teorainn cSAC Loch Coirib a athbhreithniú ar feitheamh próiseas ainmniú an láithreáin Eorpaigh seo mar Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (SAC) a thabhairt chun críche.
- Níl ach athrú ionchasach amháin ar theorainn cSAC Loch Coirib atá á bplé ag áit ina mbuailtear ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe, i.e. gar do

Mhionlach, mar thoradh ar earráid mhapála na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Nuair a cheartaítear an earráid sin, beidh teorainn an cSAC ailínithe le cosán beag mar a bhí ar intinn leis an gcéad suirbhé. Mar thoradh air sin, beidh limistéar de phábháil aolchloiche suite lasmuigh de theorainn cSAC Loch Coirib mar thoradh ar athrú na teorann.

Freagra

- 4.2.2 Mar thoradh ar fhaisnéis bhreise a cuireadh faoi bhráid an Bhoird Pleanála sa Fhreagra IFB, sainaitníodh limistéar (de thuirim is 205m²) laistigh de theorainn cSAC Loch Coirib atá suite i Mionlach idir Ch. 10+050 agus Ch. 10+100 mar limistéar gnáthóige pábhála Aolchloiche [*8240]. Léiríodh an t-ionad atá i gceist ar Phlátaí 4.1 agus 4.2 sa Fhreagra IFB.
- 4.2.3 Sna himthosca seo, lena chinntiú nach mbeadh aon tionchar díobhálach ar an láithreán Eorpach, athraíodh dearadh an bhóthair rochtana AR 10/01 atá beartaithe chun aon tionchair dhíreacha agus indéreacha ar an bpábháil Aolchloiche seo (mar a léirítear i bPláta 4.3 den Fhreagra IFB) a sheachaint tríd an mbóthar rochtana atá ag an ionad seo cheana a úsáid agus, ar an gcaoi sin, an gá d'oibreacha tógála sa limistéar pábhála Aolchloiche seo a sheachaint.
- 4.2.4 Deimhníonn aighneacht na Roinne go mbeidh an limistéar de phábháil Aolchloiche [*8240] seo suite lasmuigh den cSAC mar thoradh ar an athrú atá beartaithe ar theorainn cSAC Loch Coirib – tar éis earráid bheag mhapála i ndáil le limistéar ainmnithe an cSAC a cheartú.
- 4.2.5 Deimhníonn aighneacht na Roinne freisin gurb é an ceartúchán féideartha seo ar earráid bheag mhapála “*an t-aon athrú aitheanta ar theorainn cSAC Loch Coirib a dhéanfaidh teagmháil leis an mótarbhealach agus an scéim bóthair atá beartaithe.*” Sna himthosca sin, ní bheidh tionchar ag an athrú féideartha ar theorainn cSAC Loch Coirib ar an measúnacht ná tátal a chuirtear i láthair sa RTN – i.e. nach gcaillfear gnáthóg leasa cháilithigh Iarscríbhinn I laistigh de cSAC Loch Coirib mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe.
- 4.2.6 Is féidir a dheimhniú freisin go bhfuil dearadh an bhóthair rochtana AR 10/01 fós mar a beartaíodh é sa Fhreagra IFB a cuireadh isteach i mí Lúnasa 2019 fiú i gcás go n-athraítear teorainn cSAC Loch Coirib. Dá réir sin, i gcás go dtarlaíonn athbhreithniú féideartha ar theorainn an láithreáin Eorpaigh, beidh ailíniú na forbartha bóthair atá beartaithe suite níos faide ó theorainn athbhreithnithe cSAC Loch Coirib i ndáiríre (féach ar Phláta 4.3 den Fhreagra IFB). Mar sin, ní chaillfear gnáthóg leasa cháilithigh Iarscríbhinn I laistigh de cSAC Loch Coirib mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe.

4.3 Tionchair Gnáthóige ar cSAC Loch Coirib

Ceisteanna

4.3.1 Tharraing an tAonad Iarratais Forbartha, an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta [S_018.1] (dar dáta an 21 Nollaig 2018) anuas na ceisteanna a leanas:

- *Tá tuairim is 4ha den fhorbairt atá beartaithe agus/nó de theorainn na forbartha atá beartaithe a fhorluíonn go díreach leis an SAC seo in ionaid bheaga imeallacha den chuid is mó. Tá sé deacair, faoi láthair, fairsinge agus cineál na dtionchar agus/nó na n-athruithe gnáthóige laistigh den SAC a chinntiú.*
- *D'fhéadfadh sé cabhrú le léirmhíniú dá gcuirfí cuntas níos soiléire de na tionchair dhíreacha agus iarmharacha ar ghnáthóga laistigh den SAC, in éineacht le líníochtaí níos soiléire, ar fáil.*
- *Bheadh sé tairbheach freisin limistéir na fairsinge do na tionchair agus forluíonna réamh-mheasta i) le teorainn na forbartha atá beartaithe, agus ii) leis an bhforbairt atá beartaithe a fháil d'fhonn tacú le léirmhíniú agus tátail an RTN maidir le heaspa impleachtaí do ghnáthóga agus do chuspóirí caomhnaithe an SAC. Tá sé deacair freisin gaol an bhóthair le gnáthóga leasa cháilithigh Iarscríbhinn I atá in aice lámhe laistigh den SAC a chinntiú.*

Freagra

4.3.2 Déantar cur síos ar na Gnáthóga a mbeidh tionchar díreach orthu laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe, ag gach láthair ina dtrasaíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe teorainn cSAC Loch Coirib, nó ina dtagann sí gar dó, i gCodanna 9.1.2.1.1 go 9.1.2.1.4 den RTN. Déantar measúnú ar thionchair ionchasacha dhíreacha agus indíreacha na forbartha bóthair atá beartaithe i gCuid 9.1.4.1 den RTN.

4.3.3 Cuimsítear ann limistéar gach geadáin gnáthóige a mbeidh tionchar díreach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe air. Léirítear na láithreacha sin, agus na limistéir shonracha ghnáthóige a gcuirtear síos orthu, i bhFíoracha 15.1 go 15.5 den RTN. Léiríonn na fíoracha sin freisin an áit a bhfuil limistéir ghnáthóige á gcoinneáil laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe; lena n-áirítear gach limistéar de ghnáthóg leasa cháilithigh Iarscríbhinn I laistigh de cSAC Loch Coirib. Ar mhaithe le soiléire, nuashonraíodh na figiúirí sin in 2019 chun teorainn cSAC Loch Coirib, teorainn na forbartha atá beartaithe agus an mhapáil gnáthóige a léiriú go soiléir agus áiríodh iad sa Fhreagairt ar an IFB i bhFíoracha 2.7.01 go 2.1.5 in Aguisín A.3.1 den Fhreagra IFB a cuireadh isteach i mí Lúnasa 2019.

4.3.4 Tá mapáil gnáthóg a léiríonn gaol na forbartha bóthair atá beartaithe le gnáthóga Iarscríbhinn I, gnáthóga LC san áireamh, laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe agus in aice leis, agus sa cheantar áitiúil níos leithne, ar fáil sa RTN (féach ar Imleabhar 2 den RTN, Pláta 9.1 lch.122 mar aon le hAguisín G den RTN

– suirbhéanna ar ghnáthóga cSAC Loch Coirib a rinneadh in 2014) agus áirítear leis gach limistéar de ghnáthóga leasa cháilithigh cSAC Loch Coirib a taifeadadh le linn na suirbhéanna allamuigh. Cuirtear léarscáileanna níos mionsonraithe a léiríonn aicmithe na ngnáthóg i láthair i bhFíoracha 13.1 go 13.5 agus i bhFíoracha 14.1 go 14.5 in Imleabhar 3 den RTN, a chuimsíonn ionsána ar scála níos mó chun cabhrú i dtaobh na sonraí a léirmhíniú. Léiríonn Fíoracha 13.1 go 13.5 na haicmithe ginearálta gnáthóige (tar éis Fossitt, 2000) agus léiríonn Fíoracha 14.1 go 14.5 aicmithe gnáthóige Iarscríbhinn I. Léiríonn Fíoracha 13.1 go 13.5 na haicmithe ginearálta gnáthóige (tar éis Fossitt, 2000) agus léiríonn Fíoracha 14.1 go 14.5 aicmithe gnáthóige Iarscríbhinn I. Pábháil Aolchloiche [*8240] agus talamh féaraigh Cailcreach [6210] atá i ngnáthóga LC cSAC Loch Coirib laistigh de teorainn na forbartha atá beartaithe. Is iad gnáthóga leasa cháilithigh Iarscríbhinn I eile atá i cSAC Loch Coirib, i ngar don fhorbairt bóthair atá beartaithe ach lasmuigh de, lochanna uisce Crua [3140], móinéir *Molinia* [6410], eanaigh *Cladium* [*7210] agus eanaigh Alcaileacha [7230].

- 4.3.5 Maidir leis an bhfaisnéis a cuireadh i láthair sa RTN, agus ar iarratas an Bhoird Pleanála, tógadh sonraí breise fásra i bhfoirm relevés i Meitheamh/Iúil/Lúnasa 2019 i ngach ionad ina bhforluíonn teorainn na forbartha atá beartaithe le teorainn cSAC Loch Coirib. Cuirtear torthaí shuirbhé gnáthóige 2019 i láthair ina n-iomláine i dTuarascáil an tSuirbhé ar Ghnáthóga a chuimsítear mar Aguisín A.3.1 den Fhreagra IFB a cuireadh faoi bhráid an Bhoird Pleanála an 30 Lúnasa 2019.
- 4.3.6 Léirítear ionaid na relevé sin agus a méideanna i bhFíoracha 2.3.01 go 2.3.05 in Iarscríbhinn 2 le hAguisín A.3.1 agus léirítear torthaí iomlána an tsuirbhé ar ghnáthóga 2019 i bhFíoracha 2.5.01 go 2.5.15 agus 2.6.01 go 2.6.15 in Iarscríbhinn 2 le hAguisín A.3.1 den Fhreagra IFB. Cuirtear tacair shonraí GIS na mapála digítí gnáthóige ar fáil freisin leis an bhFreagra IFB chun soiléire bhreise a sholáthar maidir leis an ngaol spásúil idir na ceantair éagsúla gnáthóige laistigh de cSAC Loch Coirib agus teorainn na forbartha atá beartaithe araon, gnáthóga leasa cháilithigh Iarscríbhinn I san áireamh. Cuireadh na tacair shonraí GIS seo ar aghaidh chuig an Aonad Iarratais Forbartha, an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta mar chuid den phróiseas comhairliúcháin ar an bhFreagra IFB, agus cuireadh ar fáil don phobal é freisin.
- 4.3.7 De bharr thorthaí an tsuirbhé ar ghnáthóga 2019, rinneadh roinnt athruithe ar an mapáil gnáthóige i gceantair ina bhforluíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe le cSAC Loch Coirib agus cuirtear síos orthu sin i gCuid 4.1.2 den Fhreagra IFB. Cuirtear measúnacht bhreise ar impleachtaí na n-athruithe gnáthóige sin i láthair i gCuid 5.1 de Thuarascáil an tSuirbhé ar Ghnáthóga in Iarscríbhinn 2 le hAguisín A.3.1 den Fhreagra IFB inar tugadh breac-chuntas ar aon impleachtaí a bhí ag an obair suirbhé a rinneadh ó mí an Mheithimh go mí Lúnasa 2019 do thorthaí agus do thátail an RTN. Ba é an t-aon athrú ábhartha do mhapáil gnáthóige an RTN ná limistéar breise de ghnáthóg pábhála Aolchloiche [*8240] a sainaitníodh i Mionlach (idir Ch. 10+050 agus Ch. 10+100), laistigh d'fhorluí idir teorainn na forbartha atá beartaithe agus cSAC Loch Coirib (tuairim is 205m²).

- 4.3.8 Sin ráite, mar a thugtar breac-chuntas air i gCuid 4.2 thuas, molann an Roinn athrú ar theorainn cSAC Loch Coirib ag an ionad seo. Ní bheidh tionchar ag an athrú seo ar an measúnacht ná tátal a chuirtear i láthair sa RTN a cuireadh faoi bhráid an Bhoird Pleanála i mí Dheireadh Fómhair 2018 – i.e. nach gcaillfear gnáthóg leasa cháilithigh Iarscríbhinn I laistigh de cSAC Loch Coirib mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe.
- 4.3.9 Bailíodh méid suntasach sonraí breise eolaíoch agus cuireadh isteach sa Fhreagra IFB iad chun tacú leis an anailís, an mheasúnacht agus an tátal nach mbeidh tionchar díobhálach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar shláine aon láithreáin Eorpaigh.
- 4.3.10 Chuathas i ngleic go hiomlán agus go cuimsitheach leis na ceisteanna a tarraingíodh anuas san aighneacht/sa chuspóir seo sa Fhreagra IFB agus sa ráiteas fianaise seo araon.

4.4 cSAC Loch Coirib agus Naise agus Idirghníomhaíochtaí Hidrigeolaíoch

Ceisteanna

- 4.4.1 Tarraingíodh anuas na ceisteanna seo a leanas:
- *Chabhrófaí leis an iarratas dá ndéanfaí na hathruithe a bheidh ag Tollán Leacaigh ar an gcóras hidrigeolaíoch sa dobharcheantar screamhuisce a shoiléiriú. Druileáladh poill tóraíochta sa cheantar agus bailíodh sonraí leibhéil an screamhuisce, ach tá faisnéis spásúil in easnamh maidir le teoracha an tsreafa screamhuisce agus grádáin hidrálacha.*
 - Luadh ann go bhfuil léarscáil an tsreafa screamhuisce réasúnta ginearálta agus go bhfeabhsófaí é dá léireofaí leibhéil an screamhuisce ó phoill tóraíochta mar shampla mar aon le comhrianta cinn screamhuisce. Iarrtar go léireofaí agus go líneofaí dobharcheantair na ndobharcheantar screamhuisce agus go léireofaí ionad/mapáil na nÉiceachóras Domhanda ag Brath ar Screamhuisce (ÉCDBS), go háirithe na gnáthóga eanach laistigh de cSAC Loch Coirib.
 - Luaitear cé go ndeirtear sa RTN agus sa Tuarascáil Freagartha ar Iarratas ar Fhaisnéis Bhreise go mbraitheann na ÉCDBSanna ar ‘leibhéil shéasúracha screamhuisce’, ní léir cad iad sin (bonnlínte mar shampla?), agus cé na leibhéil screamhuisce ar chóir a choimeád chun tionchar díobhálach ar stádas caomhnaithe na ÉCDBSanna i gcoimpléasc cSAC Loch Coirib a sheachaint.
 - *Tá an tollán in aice le linn screamhuisce (LSU) Eanach 1 Loch Coirib (Leacach) ina bhfuil lochanna screamhuisce agus eanaigh i SAC Loch Coirib. B’fhéidir gur gá a cheistiú an mbeidh tionchar ag an draenáil screamhuisce a bhaineann le hobair tógála tollánaithe, i rith agus i ndiaidh na forbartha, ar Eanach 1 Loch Coirib (Leacach).*

- Cé go ndeirtear go mbeidh leibhéal an tolláin faoin droim screamhuisce (agus “Ní bheidh aon isliú screamhuisce ann laistigh de dhobharlaigh screamhuisce a chothaíonn gnáthóga a bhíonn ag brath ar screamhuisce laistigh de láithreán Eorpach”), deirtear freisin go bpúscann screamhuisce ag aghaidh agus bonn reatha an chairéil agus go bhfuil maoschláir ‘fara’ in aonaid áitiúla fo-ithreach os cionn na haolchloiche.
- Tá gá le bacainní ‘uisce-obacha’ a chur leis le haghaidh an oibríthe, agus cuirfidh sin an sreabhadh screamhuisce ar mhalairt slí. Ní léir an nascacht hidreolaíoch idir na héiceachórais dhomhanda ag brath ar screamhuisce (ÉCDBSanna) sa SAC, go háirithe na gnáthóga ó dheas ón mbóthar atá beartaithe.
- Ní léir conas a oibríonn na ÉCDBSanna i SAC Loch Coirib ‘go hidrigeolaíoch’ agus an bhféadfadh conairí an tsrutha athrú tar éis na tógála.
- Is cosúil go bhfuil substráit measartha tiubh nach bhfuil ró-thréscaoilteach ag forluí na lochanna, leis na heanaigh ag forbairt ar na himeall, mar gheall ar choinníollacha airtéiseacha is dócha (tugtar le fios go gcothaítear an loch le Fuarán Chúil Each [Thiar]), mar a léiríonn na coinníollacha taifeadta alcaileacha.
- *Trasnóidh an bóthar linn screamhuisce ‘Eanach I Loch Coirib (Mionlach)’. Athlíonann idirlínte an bhóthair agus cé go dtuairiscítear gur beag an t-athrú san insíothlú agus sa chailliúint uiscigh, b’fhéidir go mbeidh sé tábhachtach agus an dobharcheantar beag/na dobharcheantair bheaga a thacaíonn leis na gnáthóga eanaigh á chur san áireamh. Bheadh soiléiriú breise tairbheach b’fhéidir.”*
- Luaitear go bhfuil sé deacair tionchair ionchasacha na scéime atá beartaithe agus leordhóthanacht na mbeart maolaithe atá beartaithe a mheas. Iarrtar soiléiriú maidir leis an gcaoi a bhfuil na ÉCDBSanna i cSAC Loch Coirib ag obair go hidrigeolaíoch agus dá bhféadfadh conairí sreafa athrú tar éis na tógála. Iarrtar coincheapú hidrigeolaíoch níos soiléire de chóras screamhuisce na ÉCDBSanna, agus na hathruithe a d’fhéadfadh tarlú tar éis na tógála. Chabhródh tuilleadh trasghearrthacha i dtaca leis seo.

4.4.2 Tarraingíodh anuas na pointí sin san aighneacht/agóid seo a leanas:

An tAonad Iarratais Forbartha, an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta [S_018.1 dar dáta an 21 Nollaig 2018) agus S_018.2 (dar dáta an 24 Eanáir 2020)]

Freagra

4.4.3 Chuathas i ngleic leis na ceisteanna sin i gCodanna 4.12 agus 4.13 den IFB a cuireadh faoi bhráid an Bhoird Pleanála ar an 30 Lúnasa 2019 agus sa ráiteas fianaise hidrigeolaíoch a d’ullmhaigh an Dr Leslie Brown. Soiléirítear leis an bhfreagra IFB agus an ráiteas fianaise hidrigeolaíoch conas a fheidhmíonn an córas áitiúil hidrigeolaíoch, conas atá sé nasctha leis na gnáthóga a bhraitheann ar an

screamhuisce agus conas mar a thacaíonn sé leo laistigh de cSAC Loch Coirib a bhaineann le Lochanna Chúil Each, mar aon le míniú ar conas a idirghníomhaíonn Tollán Leacaigh atá beartaithe leis na linnte screamhuisce a chuireann screamhuisce le cSAC Loch Coirib, lena n-áirítear LSU Eanach 1 Loch Coirib (Mionlach) a sholáthraíonn uisce do Lochanna Chúil Each trí Fhuarán Chúil Each Thiar. Deimhnítear leis na freagairtí sa IFB agus sa ráiteas fianaise hidrigeolaíoch araon nach mbeidh aon tionchar ar na leibhéil screamhuisce i Lochanna Chúil Each má chuirtear na bearta maolaithe a leagtar amach i gCuid 10.3 den RTN i bhfeidhm, cé go bhfuil nasc screamhuisce idir ceantar Thollán Leacaigh agus na ÉCDBSanna i cSAC Loch Coirib. Mar sin, ní bheidh tionchar ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe, ná ag tógáil ná oibriú Thollán Leacaigh, ar aon LC a bhraitheann ar screamhuisce, agus ní bheidh tionchar díobhálach aige ar shláine cSAC Loch Coirib.

4.5 Scóip na Measúnachta RTN i ndáil le Cuspóirí Caomhnaithe cSAC Loch Coirib

Ceisteanna

4.5.1 Tharraing an tAonad Iarratais Forbartha anuas na ceisteanna a leanas in S_018.1 (dar dáta an 21 Nollaig 2019):

- *Tá cuspóirí atá sonrath ó thaobh suímh de ag SAC Loch Coirib, agus sonraítear leo sin más chun riocht fabhrach caomhnaithe ghnáthóga agus speicis an leasa cháilithigh aonair a chothabháil nó a athshlánú an cuspóir caomhnaithe, mar a shainmhínítear le haitreabúidí agus spriocanna áirithe atá liostaithe, laistigh den suíomh sin.*
- *Déantar (nó is cosúil go ndéantar) anailísí substainteacha sa RTN gan trácht ar na cuspóirí caomhnaithe, toisc go mionsonraítear iad ar dtús i dTábla 9.16.*
- *I dTáblaí 9.1 agus 9.15, roimhe sin, is cosúil nach ndearnadh taifeadadh ar na leasanna cáilitheacha, Fuaráin chlochraithe na foirmíochta túfa (Cratoneurion) agus an Chrú-Ialtóg Bheag, sa 'chrios tionchair' agus/nó fágadh ar lár iad ó thuilleadh machnaimh agus measúnachta ar na tionchair dhóchúla ar láithreáin Eorpacha. Ní léir bonn cirt na dtorthaí seo i gCuid 9 den RTN, ach b'fhéidir go mínítear áit eile iad agus ba chóir é sin a shoiléiriú.*

4.5.2 Tharraing an tAonad Iarratais Forbartha anuas na ceisteanna a leanas in S_018.2 (dar dáta an 24 Eanáir 2020):

- *Tugann an Roinn suntas don soiléiriú i ndáil leis na nithe a tarraingíodh anuas faoin gceannteideal seo ina tuairimí roimhe seo i gCuid 4.15 den Iarratas ar Fhaisnéis Bhreise*

Freagra

- 4.53 D’ainneoin aighneacht na Roinne (S_018.2), a fuarthas maidir leis an bhfreagra ar an IFB, go dtugann sí suntas don soiléiriú a soláthraíodh maidir le measúnacht cuspóirí caomhnaithe cSAC Loch Coirib, cuirtear freagairt mhionsonraithe ar na ceistanna a tarraingíodh anuas in S_018.1 ar fáil thíos (agus cuireadh ar fáil é freisin i gCuid 4.15.2 den fhreagairt ar an IFB).
- 4.5.4 Déantar machnamh mionsonrach ar chuspóirí caomhnaithe gach leasa cháilithigh sna láithreáin Eorpacha uile laistigh de chrios ionchasach tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe, cSAC Loch Coirib san áireamh, mar chuid den mheasúnacht a rinneadh agus a cuireadh i láthair sa RTN.
- 4.5.5 Tá an RTN struchtúrtha ar bhealach a gcuireann cur síos ardleibhéal bonnlíne ar fáil (i gCuid 5), le plé mionsonraithe ar an mbonnlíne agus ar na himpleachtaí do chuspóirí caomhnaithe gach láithreáin Eorpaigh i gCuid 9. Lena chois sin, mar a leagtar amach i gCuid 7 den RTN, cinneadh an crios tionchair mar chúiteamh ar leochaileacht na ngabhdóirí éiceolaíocha; i gcomhthéacs na measúnachta RTN áirítear leis sin leas cáilitheach na láithreán Eorpach atá in aice láimhe agus a gcuspoirí caomhnaithe.
- 4.5.6 Liostaítear cuspóirí foriomlána caomhnaithe cSAC Loch Coirib i dTábla 9.1 den RTN (i.e. riocht fabhrach caomhnaithe na ngnáthóg agus na speiceas LC a chothabháil nó a athshlánú). Cuirtear síos ar bhonnlíne éiceolaíoch cSAC Loch Coirib ansin i gCuid 9.1.2, inar maíodh go bhfuil leasanna cáilitheacha cSAC Loch Coirib i gcrios tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe:
- [3140] Uiscí olaga-mhéiseatrófacha crua le fásra beantach de *Chara spp*
 - [6210] Féaraigh thirime leath-nádúrtha agus faiséis scrobarnaí ar substráití cailcreacha (*Festuco Brometalia*) (*láithreáin thábhachtacha magairlíní)
 - [6410] Móinéir *Molinia* ar ithreacha cailcreacha, móinteacha nó créúla líonta le siolta (*Molinion caeruleae*)
 - [7210] Eanaigh chailcreacha le *Cladium mariscus* agus speicis den *Caricion davallianae**
 - [7230] Eanaigh alcaileacha
 - [8240] Pábhálacha aolchloiche *
 - [1029] Diúilicín Péarla Fionnuisce - *Margaritifera margaritifera*
 - [1095] Loimpre Mhara - *Petromyzon marinus*
 - [1096] Loimpre Shrutháin - *Lampetra planeri*
 - Ca[1106] Bradán Atlantach - *Salmo salar* (i bhfionnuisce amháin)
 - [1355] Madra uisce - *Lutra lutra*

- 4.5.7 Mar sin, d'fhonn an dabht a sheachaint, rinneadh suirbhéireacht, aicmiú agus mapáil ar gach ceantar gnáthóige laistigh de cSAC Loch Coirib atá suite i gcrios ionchasach tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe. Dá bhrí sin, is cinnte nach bhfuil na gnáthóga leasanna cáilitheacha de cSAC Loch Coirib a leanas i gcrios tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe laistigh den cSAC seo:
- [3110] Uiscí olagatrófacha ina bhfuil líon an-bheag mianraí de mhánna gainmheacha (*Littorelletalia uniflorae*)
 - [3130] Uiscí olagatrófacha go méiseatrófacha bodhar le fásra den *Littorelletea uniflorae* agus/nó den *Isoëto-Nanojunceteta*
 - [3260] Sruthchúrsaí uisce de leibhéil mhánna leis an bhfásra *Ranunculion fluitantis* agus *Callitricho-Batrachion*
 - [7110*] Portaigh ardaithe gníomhacha
 - [7120] Portaigh ardaithe dhíghrádaithe atá in ann athghiniúint nádúrtha a dhéanamh i gcónaí
 - [7150] Logáin ar shubstráití móna den Rhynchosporion
 - [7220*] Fuaráin chlochraithe le foirmiú túfa (*Cratoneurion*)
- 4.5.8 Ar an gcaoi chéanna, mar gheall ar leibhéal fairsing na hoibre suirbhéireachta allamuigh a rinneadh, is cinnte freisin nach bhfuil na speicis leasa cháilithigh a leanas laistigh de chrios tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe: Cráifisc liathdhonn, Cleitchaonach tanaí glas agus an tSíofróg uisce (féach ar Chuid 9.1.2.3 agus Cuid 9.1.2.7 den RTN). Cé go bhfuil pobal áitiúil Crú-ialtóg bheag ann, ní cuid den phobal leasa cháilithigh é i gcomhair cSAC Loch Coirib ag Teach Eborhall (mínítear é sin go mionsonrach i gCuid 9.1.2.5 den RTN) agus ní thacaíonn sé le cuspóirí caomhnaithe ná riocht caomhnaithe an fhara sin ag Teach Eborhall.
- 4.5.9 Ní féidir tionchar a bheith ar aon leas cáilitheach nach bhfuil i gcrios tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe, go díreach, go hindíreach, nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile. Dá réir sin, is féidir tátal cinnte a bhaint nach féidir baint de chuspóirí caomhnaithe na leasanna cáilitheacha áirithe sin ar aon bhealach leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe. Ar an mbonn sin, ní gá machnamh a dhéanamh ar na leasanna cáilitheacha sin ar chor ar bith sa RTN le go mbeifí in ann a shocrú go cinnte nach mbeidh tionchar díobhálach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar shláine cSAC Loch Coirib trí thionchar a imirt ar na gnáthóga agus na speicis áirithe sin.
- 4.5.10 Leagtar amach leasanna cáilitheacha eile cSAC Loch Coirib atá i gcrios tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe agus atá i mbaol tionchar i dTábla 9.1 agus i dTábla 9.15 den RTN. Déantar imscrúdú, anailís agus measúnú ar acmhainneacht na forbartha bóthair atá beartaithe chun tionchar a imirt ar chuspóirí caomhnaithe na ngnáthóg agus na speiceas leasa cháilithigh ar fad i gCuid 9.1.4 agus i dTábla 9.16 den RTN.

4.6 Acmhainneacht go mbeadh Tionchair Suaite Comhcheangail/Díláithrithe ar Mhadraí Uisce i cSAC Loch Coirib

Ceisteanna

4.6.1 Tarraingíodh anuas na ceisteanna seo a leanas:

- Iarrtar go dtabharfaí faoi deara an acmhainneacht fhadtéarmach comhthionchair, a thagann ón suaithheadh agus ón díláithriú, a d'fhéadfadh tarlú mar gheall ar na tiomantais chun glasbhealach a bheith ann feadh bhruach thiar Abhainn na Gaillimhe agus iarratas reatha don Síneadh ar Chuan na Gaillimhe atá beartaithe (PA0033).

4.6.2 Tarraingíodh anuas na pointí seo san aighneacht/agóid seo a leanas:

An tAonad Iarratais Forbartha, an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta [S_018.1] (dar dáta an 21 Nollaig 2018).

Freagra

4.6.3 Meastar agus measúnaítear an acmhainneacht go mbeidh tionchar ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar phobail áitiúla Madraí uisce le linn tógála agus feidhmiúcháin i gCuid 6.8 den RTN (lch. 95-96). Baineadh de thátal as an measúnacht nach mbeidh baol suaite ná díláithrithe fhadtéarmaigh ar Mhadraí uisce in Abhainn na Gaillimhe, i Sruthán Bhearna ná i gCuan na Gaillimhe ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe agus nach mbeidh tionchar aige ar phobail áitiúla Madraí uisce i dtaca leis sin. Mar sin, níl acmhainneacht ann go ndéanfaidh tionscadail amach anseo idirghníomhaíocht i gcomhar leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe chun tionchar a imirt ar phobail Madraí uisce i cSAC Loch Coirib ná i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe mar thoradh ar thionchair suaite ná díláithrithe.

4.6.4 Déantar an acmhainneacht le haghaidh comhthionchar ó thionscadal don Síneadh ar Chalafort Chuan na Gaillimhe atá beartaithe agus ó thionscadail Ghlasbhealach Chonamara araon chun tionchar a imirt ar an timpeallacht i cSAC Loch Coirib nó i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, de bharr tionchair eile, a mheas i dTábla 12.2 den RTN. Déantar Glasbhealach Chonamara a mheas mar chuspóir straitéiseach i Straitéis Iompair na Gaillimhe (lch. 367-368) agus mar thionscadal as féin a dhéanfar sa todhchaí (lch. 375-377). Déantar Tionscadal don Síneadh ar Chalafort Chuan na Gaillimhe atá beartaithe a mheas ar lch. 380-381 den RTN. Baineadh de thátal as an measúnacht nach bhfuil acmhainneacht ann go ndéanfaidh ceachtar tionscadal idirghníomhaíocht i gcomhar leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe chun tionchar díobhálach a imirt ar shláine cSAC Loch Coirib mar thoradh ar thionchair suaite ná díláithrithe ar Mhadraí uisce.

4.7 Riosca Ionchasaigh Imbhualite d'Éin ó Dhroichead Abhainn na Gaillimhe atá Beartaithe

Ceisteanna

4.7.1 Tarraingíodh anuas na ceisteanna a leanas in S_018.1 (dar dáta an 21 Nollaig 2018):

- *Cinntear leis an RTN gurb é droichead Abhainn na Gaillimhe an t-aon struchtúr atá “ar scála agus a d’fhéadfadh riosca ó thaobh imbhuailte a chruthú d’éin”. Ina dhiaidh sin, agus dearadh an struchtúir atá beartaithe agus líon íseal na speiceas leasa caomhantais speisialta (SCI), agus aonán, a théann feadh dhorchla na habhann a chur san áireamh, baineann an RTN de thátal as “ ní thuaratar go mbeidh riosca imbhualite ag droichead cosúil leis an gceann a bheartaítear a thógáil thar Abhainn na Gaillimhe don fhorbairt bheartaithe bóthair a bheadh chomh mór sin go mbeadh aon éifeachtaí fadtéarmacha aige ar líon, dáileadh ná treocht daonra reatha aon SPA”. Na SPAnna a luaitear go sonrath sa RTN i dtaca leis seo ná SPA Loch Coirib agus SPA Chuan Istigh na Gaillimhe, agus féachtar ar na SPAnna sin leis na tagairtí a leanas do SCInna. Ní dhéantar tuilleadh machnaimh ar riosca imbhualite d’éin leis an droichead ach go sainaitheannar tionchair ionchasaigh.*
- *Tagann na sonraí a mheastar ar líon na speiceas agus na n-aonán SCI a úsáideann dorchla na habhann ó thogra roimhe agus ó struchtúr difriúil in ionad difriúil ar an abhainn (tuarascáil an Taifid ar Dhéanamhais Chosanta, TDC, 2006). Dúradh sna sonraíochtaí don struchtúr sin go mbeadh an droichead 6m os cionn na habhann, agus tá an droichead reatha atá beartaithe 8m ar a laghad os cionn na habhann. Ba chóir féachaint ar réimse na n-airdí eiltle do na speicis SCI arb eol go n-úsáideann siad an dorchla, nó ar idirghníomhú féideartha na n-airdí eiltle agus an droichid atá beartaithe*
- *Ní dhearna an tuarascáil suirbhé roimhe seo gluaiseachtaí oíche na speiceas éin a mheas, e.g. speicis oíche go hiondúil agus speicis a bhogann san oíche, agus ba chóir féachaint air sin freisin*
- *Dá bhrí sin, d’fhéadfadh an Bord machnamh a dhéanamh má tá sé sásta gur leor é an riosca imbhualite d’éin le droichead Abhainn na Gaillimhe atá beartaithe dá n-éascófaí a Mheasúnacht Chúil le machnamh agus le measúnacht bhreise*
- *Baintear de thátal leis an RTN nach mbeidh tionchar suntasach díobhálach ar na SCInna do na SPAnna thart timpeall ag na tionchair de chailliúint gnáthóige ná scoilte a eascraíonn as an bhforbairt bóthair atá beartaithe, agus nach gcuirtear aon bhearta maolaithe do SCInna (speicis phórúcháin nó gheimhrithe) ar fáil. Do speicis phórúcháin, tá sé seo bunaithe ar i) an easpa forluí spásúil idir suíomhanna SCI atá ar eolas agus an limistéar*

forbartha atá beartaithe, agus ii) ghnéithe éiceolaíochta sealgaireachta na speiceas SCI. Ní shoiléirítear an réasúnaíocht ná fianaise chun tacú leis an éileamh deireanach (i.e. maidir le héiceolaíocht sealgaireachta).

- *Meastar gur chóir dul i ngleic leis na pointí thuas trí thuilleadh faisnéise a chur i láthair ó obair shuirbhé chríochnaithe, ó fhoinsí sonraí breise atá ar fáil agus ó litríocht fhoilsithe, agus go mbeadh an réasúnaíocht bunaithe orthu sin.*

4.7.2 Tharraing an tAonad Iarratais Forbartha anuas na ceisteanna a leanas in S_018.2 (dar dáta an 24 Eanáir 2020):

- Tugtar faoi deara go measann an Roinn, cé nach ndearnadh aon suirbhéanna oíche, go bhfuil dóthain faisnéise curtha ar fáil chun tionchair ionchasacha ar speicis éin SCI na SPAnna in aice láimhe. Cuireadh san áireamh nach mbeidh an droichead soilsithe, na sonraí a bhí ar fáil ón suirbhé roimhe sin agus ó shuirbhéanna a rinneadh le déanaí agus an litríocht fhoilsithe atá ar fáil.
- Luaitear go bhfuil an Roinn den tuairim nach dóchúil go mbeidh baol ann do speicis éin SCI na SPAnna in aice láimhe ón droichead atá beartaithe.
- Maidir leis an gcailliúint agus scoilteadh féideartha gnáthóige a rachadh i bhfeidhm ar speicis SCI ó SPAnna thart timpeall, tugann an Roinn an fhaisnéis bhreise a cuireadh ar fáil faoi deara agus meastar gur réitíodh an cheist sin.

4.7.3 Tarraingíodh anuas na pointí sin san aighneacht/agóid seo a leanas:

An tAonad Iarratais Forbartha, an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta [S_018 agus S_018.2]

Freagra

- 4.7.4 D'ainneoin aighneacht na Roinne (S_018.2) a fuarthas tar éis freagartha ar an IFB, atá den tuairim gur cuireadh dóthain faisnéise ar fáil chun tionchair ionchasacha ar speicis éin SCI na SPAnna in aice láimhe a mheas agus nach dóchúil go gcruthóidh an droichead atá beartaithe baol do speicis éin SCI na SPAnna in aice láimhe, cuirtear freagairt mhionsonraithe ar na ceisteanna a tarraingíodh anuas in S_018 ar fáil thíos (agus cuireadh ar fáil é i gCuid 5.2 den fhreagra ar IFB freisin).

Riosca Imbhualte d'Éin

- 4.7.5 Tá an phríomhghné a imríonn tionchar ar thátal na measúnachta ar an riosca imbhualte d'éin i gCuid 6.11 den RTN bunaithe ar an litríocht fhoilsithe eolaíochta atá ann, a dhéanann amach nach gcruthaíonn droichid, beag beann ar a ndearadh agus ar iompar na n-éan sa cheantar (airde eitilte agus leibhéal na gníomhaíochta eitilte oíche), riosca imbhualte ag a mbeadh aon tionchair fhadtéarmacha ar phobail éin SCI d'aon suíomh SPA, SPA Loch Coirib agus SPA Chuan Istigh na Gaillimhe san áireamh.
- 4.7.6 Dar leis an léirbhreithniú ar an litríocht a rinneadh, tarlaíonn imbhualadh éin le struchtúr de dhéantús an duine go coitianta agus tá neart fianaise ann ina thaobh (Banks, 1979; Klem, 1990; Kelm, 2008; Jenkins *et al.*, 2010; Lucas *et al.*, 2008; Longcore *et al.*, 2012; Erickson *et al.*, 2001 – féach ar Chuid 6.11 den RTN). Is iad na speicis phasaireacha imirceacha na híospartaigh imbhualte is coitianta (Bing *et al.*, 2012;⁴ Longcore *et al.*, 2013), treocht a taifeadadh ag droichid thar cheantair mhóra bogaigh e.g. Droichead Oresund a nascann an Danmhairg leis an tSualainn thar Mhuir Bhailt (FEBI, 2013) agus Droichead Sabo thar Inbhear Sabo sa Phortaingéil (Godinho *et al.*, 2017)⁵. Chun na staidéir dheireanacha sin a chur i gcomhthéacs, trasnaíonn tuairim is 10 milliún éan imirceach Droichead Oresund i rith imirce an fhómhair (Nilsson *et al.*, 2009 mar a tuairiscíodh in FEBI 2013) agus taifeadadh 27,000 gluaiseacht éin (thart ar 83% acu ina n-éin uisceacha) ag trasnú Droichead Sabo i rith 400 uair breathnóireacha (Godinho *et al.*, 2017), a thugann le fios gur sách beag an riosca imbhualte atá i ndroichead os cionn bogach d'éin uisceacha agus go raibh ráta an bháis chomh híseal sin de réir na staidéar sin gur miontionchar a bhí acu i ndáiríre. Ina theannta sin, is struchtúir staghcháblaí agus sreinge iad Droichead Oresund agus Sabo agus cruthaíonn siad riosca imbhualte níos mó ná an droichead glanréise atá beartaithe os cionn Abhainn na Gaillimhe.
- 4.7.7 Fuarthas i measúnacht ar iompar eitilte laethúla éin imirceacha thar thrí dhroichead roghnaithe mar chuid de MTT Chonair Iarthair Kong-Shenzhen (Ove Arup & Partners Hong Kong Ltd., 2002), agus ag Droichead staghcháblaí Golden Gate (MTT Droichead Golden Gate, 2009), gur sheachain éin na struchtúir droichid go gníomhach trína n-airde a athrú nó trí eitilt timpeall na struchtúr staghcháblaí; ní fhacthas aon imbhualadh i rith na staidéar sin.
- 4.7.8 Stiúrann éin uisceacha a ghnáthaíonn Abhainn na Gaillimhe, ag comaitéireacht idir Cuan na Gaillimhe agus Loch Coirib, ceithre dhroichead bóthair atá ann cheana go

⁴ Bing G.-C., Choi C.-Y., Nam H.-Y., Park J.-G., Hong G.-P., Sung J.-K., Chae H.-Y & Choi Y.-B. (2012) Causes of mortality in birds at stopover islands. *Korean J. Ornithol.* 19: 23–31.

⁵ Godinho C., Marques, J.T., Salgueiro, P., Catarino, L., Osório de Castro, C., Mira, A., agus Beja, P. (2017) Bird Collisions in a Railway Crossing a Wetland of International Importance (Inbhear Sado, An Phortaingéil). In: Borda-de-Água L., Barrientos R., Beja P., Pereira H. (eag) *Railway Ecology*. Springer, Cham

rathúil i rith gach eitleithe aontreo. Tá an droichead atá beartaithe os cionn Abhainn na Gaillimhe ardaithe os cionn na tuilemhá iomláin (thart ar 620m ar leithead) agus tá doimhneacht na príomhréise ó 3-7m, atá níos tibhe go ginearálta (agus, mar sin, is dócha go mbeidh sé níos éasca le feiceáil d'éin) ná Droichead na gCúig Chéad atá tuairim is 1.7km le sruth. Ní fiú trácht ar scála an droichid glanréise atá beartaithe i gcomparáid leis na samplaí sa Danmhairg, sa tSualainn, sa Phortaingéil, Hong Cong agus San Francisco a pléadh thuas agus is beag baol atá ann d'éin mar gheall ar an easpa líonra de struchtúir thacaithe cábla.

- 4.7.9 Is fiú a thabhairt faoi deara ó thaobh riosca imbhuailte agus tionchair ar leibhéal an phobail go háitiúil, go bhfuil Droichead na gCúig Chéad (struchtúr ardaithe os cionn Abhainn na Gaillimhe le piaraí tacaithe sa chainéal abhann) i bhfeidhm ó 1984 agus meastar go bhfuil treochtaí pobail na speiceas éin SCI de SPA Chuan Istigh na Gaillimhe a taifeadh feadh dhorchla Abhainn na Gaillimhe seasmhach nó ag méadú faoi láthair (An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, 2013d).
- 4.7.10 Sin ráite, rinneadh machnamh ar an gcaoi a mbíonn tionchar ag infheictheacht agus inbhraiteacht na struchtúr ar leochaileacht choibhneasta éin ó thaobh imbhuailte leis an struchtúr (Janss, 2000). Is dóchúla go dtarlóidh imbhuailte i rith drochaimsire nó san oíche (Nilsson *et al.*, 2009 mar a tuairiscíodh in FEBI 2013). Sin ráite, d'fhéadfaí an riosca imbhuailte a bheith níos mó nuair a mhéadaítear infheictheacht droichid san oíche le soilsiú bréagach, toisc go gcruthaíonn sé mearbhall (Molenaar *et al.*, 2006; Nilsson *et al.* 2009 mar a tuairiscíodh in FEBI 2013). Chun an baol imbhuailte a laghdú a thuilleadh fiú, agus chun gnéithe eile leochaileacha éiceolaíocha a chosaint ar imbhuailte (i.e. ialtóga), ní lasfar an droichead atá beartaithe. Meastar go bhfuil doimhneacht na príomhréise (3-7m) den droichead atá beartaithe, a dhéanfar as coincreít, sofheicthe go leor i gcoinníollacha éagsúla aimsire agus ag leibhéil ísle solais go mbeidh éin in ann é a fheiceáil.
- 4.7.11 Maidir le gluaiseachtaí oíche éin, ní liostaítear aon speiceas oíche SCI do SPA Loch Coirib ná SPA Chuan Istigh na Gaillimhe, ach is eol go mbíonn scréachóg reilige sa cheantar agus measúnaíodh iad go hiomlán sa TMTT. Go ginearálta, eitlíonn éin imirceacha oíche achair fhada i rith na hoíche agus ag airdí arda – i.e. ag airdí os cionn 1km (Gauthreaux, 1991;⁶ Dokter *et al.* 2010)⁷. Ní chruthóidh an droichead atá beartaithe agus é 8m os cionn Abhainn na Gaillimhe riosca imbhuailte d'éin imirceacha a eitlíonn san oíche ag airdí arda. Meastar go n-eitlíonn éin a dhéanann comaitéireacht laethúil idir Loch Coirib agus Cuan na Gaillimhe le linn uaireanta sholas an lae agus go minic go gairid i ndiaidh bhreacadh an lae agus go gairid roimh thitim na hoíche. Ní mheastar go bhfuil éin a eitlíonn san oíche, speicis oíche ná éin a bhogann san oíche, i mbaol imbhuailte leis an droichead atá beartaithe mar gheall ar na cúiseanna thuas.

Éin ag Úsáid Dhorchla Abhainn na Gaillimhe

- 4.7.12 Deir an aighneacht freisin gur tháinig na sonraí maidir leis an úsáid a bhaineann éin as dorchla Abhainn na Gaillimhe a measadh sa RTN ó shuirbhéanna a rinneadh

⁶ Gauthreaux, S.A. (1991) The Flight Behaviour of Migrating Birds in Changing Wind Fields: Radar and Visual Analyses. AMER. ZOOL. 31:187-204

⁷ Dokter, A.M., Liechti, F., Stark, H., Delobbe, L., Tabary, P. agus Holleman, I. (2011) Bird migration flight altitudes studied by a network of operational weather radars. Journal of The Royal Society Interface 8: 30-43

in 2005/2006 mar chuid de Scéim 2006 Sheachbhóthar Chathair na Gaillimhe (RPS, 2006).

4.7.13 Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach iad sonraí suirbhé 2005/2006 bonn iomlán na measúnachta a chuirtear i láthair i gCuid 6.11 den RTN; is gné amháin iad den fhaisnéis chúlra fhairsing atá ann maidir le húsáid dorchla Abhainn na Gaillimhe ag speicis éan a liostaítear mar SCInna de na suíomhanna SPA in aice láimhe. Le torthaí na suirbhéanna sin, i gcomhar le torthaí na suirbhéanna éan geimhrithe agus pórúcháin a rinneadh do Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe atá beartaithe⁸, cuirtear bonnlíne ar fáil d'fhoireann agus de fhlúirse na speiceas éan a mbeifí ag súil go ndéanfaidís sealgaireacht/comaitéireacht feadh Abhainn na Gaillimhe gar don fhorbairt bóthair atá beartaithe. Ba leor na sonraí ar braitheadh orthu chun faisnéis a fháil don mheasúnacht agus chun é a dhéanamh. Cuireadh freagairt ghaolmhar ar fáil i gCuid 5.2 den fhreagra IFB maidir le ceist an dláithrithe éan geimhrithe mar gheall ar Dhroichead Abhainn na Gaillimhe atá beartaithe a bheith ann.

4.7.14 Ó thaobh na speiceas éan SCI arb eol go n-úsáideann siad dorchla Abhainn na Gaillimhe le haghaidh comaitéireachta nó sealgaireachta, taifeadh na speiceas SCI a leanas i dtorthaí suirbhéanna 2005/2006 (52 suirbhé a chuimsigh 104 uair breathnóireachta):

- Sléibhín
- Faoileán bán
- Geabhróg
- Broigheall
- Cearc cheannann
- Crotach
- Corr réisc
- Cromán na gcearc
- Pilibín
- An meirliún.

Na speicis a taifeadh is minice ná an Sléibhín, an Faoileán bán agus an Broigheall. Cé nár chlúdaigh suirbhéanna 2005/06 ionad reatha an droichid atá beartaithe⁹, cuireann na suirbhéanna seo (a rinneadh díreach cúpla céad méadar ó ionad reatha an droichid atá beartaithe) sonraí úsáideacha bonnlíne ar fáil ar éin a úsáideann dorchla na habhann agus ar a n-iompar eitilte, agus mar sin meastar go mbaineann na sonraí le measúnacht an togra reatha droichid. Taifeadh cuid mhaith de na speicis sin, an Sléibhín, an Faoileán bán, an Broigheall, Cearc cheannann, Crotach, Corr réisc agus an Cosdeargán, feadh Abhainn na Gaillimhe

⁸ Rinneadh na suirbhéanna éan geimhrithe i rith gheimhreadh 2014/15 agus na suirbhéanna éan pórúcháin i mBealtaine/Meitheamh 2015 agus i Meitheamh 2016.

⁹ Le deimhniú, chlúdaigh suirbhéanna na n-éan geimhrithe 2014/215 ionad Dhroichead Abhainn na Gaillimhe atá beartaithe.

freisin i rith na suirbhéanna a rinneadh mar ullmhúchán don RTN don N6 GCRR atá beartaithe.

- 4.7.15 Ag féachaint don fhaisnéis a cuireadh i láthair thuas, don bhaol beag do dhaonraí éan a bhíonn i gceist le droichid, agus do dhearadh réise soiléire agus scála an droichid atá beartaithe, is leor é an leibhéal sonraí agus raon feidhme na measúnachta a chuirtear i láthair sa RTN chun tacú leis an gconclúid nach mbeidh tionchar ag Droichead Abhainn na Coiribe atá beartaithe ar dhaonraí éan áitiúla mar gheall ar éin ag imbhualladh struchtúr an droichid agus is cinnte nach mbeidh tionchar díobhálach ag an bhforbairt atá beartaithe ar shláine SPA Loch Coirib ná SPA Chuan Istigh na Gaillimhe.

Caillteanas Gnáthóige agus Tionchair na hIlroinnta ar Speiceas Éan SCI

- 4.7.16 D'ainneoin aighneachta na Roinne (S_018.2) go raibh sí den tuairim go ndearnadh na ceisteanna a tarraingíodh anuas in S_018.1 a phlé i gCuid 5.1 den Fhreagra ar an Iarratas ar Fhaisnéis Bhreise (IFB), tá achoimre ar na freagraí ar na ceisteanna a tarraingíodh anuas in S_018.1 le fáil thíos, chun tagairt dóibh a éascú.
- 4.7.17 Le hAighneacht S_018.1 iarrtar soiléiriú ar an gcaillteanas gnáthóige agus tionchar na hIlroinnta ar éiceolaíocht sealgaireachta speiceas SCI goir in SPA Loch Coirib agus SPA Chuan Istigh na Gaillimhe.
- 4.7.18 Tá SPA Loch Coirib ainmnithe do dhaonraí goir de Scótar, de Shléibhín, den Fhaoileán Bán, den Gheabhróg agus den Gheabhróg Artach (Tábla 9.24 den RTN). Tá SPA Chuan Istigh na Gaillimhe ainmnithe do dhaonraí goir de Bhroigheall, den Gheabhróg agus den Gheabhróg Scothdhubh (Tábla 9.31 den RTN).
- 4.7.19 Fuarthas nach raibh scótar le fáil in aon cheann de na suíomhanna d'éin gheimhridh ar fud an limistéir staidéir. Síolraíonn siad ar locha agus síolraíonn daonra SCI ar Loch Coirib. Téann siad ag sealgaireacht ar ghrinnill ghainmheacha agus ar an tanaí amach ón gcósta. Téann Broighill, Geabhróga, Geabhróga Artacha agus Geabhróga Scothdhubha ag sealgaireacht ar locha, aibhneacha agus uiscí inbhir/muirí agus is éisc a itheann siad den chuid is mó. Tá sé sin i gcomhréir leis na cineálacha gnáthóige ar taifeadadh go raibh na speicis sin iontu sa cheantar áitiúil ó thorthaí an tsuirbhé agus na taifid deisce atá ar fáil. Ní chaillfear aon ghnáthóg abhann, locha ná muirí mar gheall ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe agus cinnteofar leis na bearta deartha agus maolaithe nach mbeidh aon tionchar ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar cháilíocht an uisce sna timpeallachtaí uisceacha agus muirí. Trasnóidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe Abhainn na Gaillimhe ar struchtúr droichid ardaithe ach ní dhéanfar aon ghnáthóg uisceach ar feadh na hAbhann a ilroinnt mar thoradh ar an bhforbairt. Dá bhrí sin, níl aon fhéidearthacht ann go gcaillfí gnáthóg ná go ndéanfaí gnáthóg a ilroinnt de thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe agus ní bheidh tionchar aici ar an éiceolaíocht sealgaireachta ná ar rath na speiceas SCI sin.
- 4.7.20 Faightear an Sléibhín agus an Faoileán bán go forleathan ar fud raon gnáthóg, idir gnáthóga uisceacha agus talmhaíochta agus uirbeacha, mar is léir ó thorthaí na suirbhéanna ar éin gheimhridh in 2014/15: Rinneadh an Sléibhín a thaifeadadh ar 39 suíomh as an 60 suíomh suirbhé ar fud Chathair na Gaillimhe agus mórthimpeall uirthi, agus rinneadh an Faoileán bán a thaifeadadh ar 27 suíomh as na suíomhanna suirbhé céanna (Cuid 9.3.4.3 den RTN, leathanaigh 233-236). Is beathóirí uiliteacha faille iad Sléibhíní agus Faoileáin bhána, a itheann síolta agus torthaí,

feithidí, péisteanna talún, éisc agus splíonach agus a dhéanann scróbláil ar dhramhaíl agus fuílleach. Ós rud é go n-úsáideann siad raon leathan gnáthóg agus go n-itheann siad a lán bianna éagsúla, agus toisc go mbeidh go leor gnáthóga eile atá oiriúnach dóibh ar fáil don dá speiceas le linn chéim na hoibríochta, meastar nach mbeidh tionchar díobhálach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar éiceolaíocht sealgaireachta ná ar rath na speiceas SCI sin ó thaobh cailteanas gnáthóige ná ilroinnt gnáthóige de.

4.8 Bearta Maolaithe - Éin

Ceisteanna

4.8.1 Tarraingíodh anuas ceisteanna seo a leanas.

Uainiú na ngníomhaíochtaí tógála ag Cairéal Leacaigh

4.8.2 In aighneacht S_018.1 (dar dáta an 21 Nollaig 2018), dúirt an Roinn an méid seo a leanas:

“Luaitear sa Ráiteas Tionchair Natura (RTN) nach ndéanfar pléascadh ag Cairéal Leacaigh (ná ag an gCaisleán Gearr) ach idir mí Aibreáin agus mí Mheán Fómhair (agus na míonna sin san áireamh) chun a chinntiú nach gcuirfear isteach rómhór ar na héin gheimhrithe ag Loch Bhaile an Dúlaigh. Cinntear sa TMTT, go bhfuil an fhéidearthacht ann go mbeadh tionchair fhadtéarmacha ag na gníomhaíochtaí tógála ag Cairéal Leacaigh, lena n-áirítear briseadh agus pléascadh carraige, ar an daonra d’fhabhcúin ghorma a bhíonn ag neadú sa chairéal. Mar sin, moltar bearta maolaithe sa TMTT lena sonraítear go gcuirfear tús leis na hoibreacha ó thollán Leacaigh go dtí Acomhal Bhóthar Áth Cinn an N84 roimh lár mhí Feabhra (i.e. tréimhse an gheimhridh). Ní shonraítear sa TMTT an bhfuil pléascadh san áireamh sna hoibreacha atá beartaithe lena dtosú i lár mhí Feabhra; dá mbeadh sé beartaithe pléascadh a dhéanamh mar chuid de na hoibreacha sin, bheadh sé sin i gcoinne chur chuige an mhaolaithe a léirítear sa Ráiteas Tionchair Natura le haghaidh éin gheimhrithe.”

4.8.3 In aighneacht eile ina dhiaidh sin, S_018.2 (dar dáta an 24 Eanáir 2020), áfach, dúirt an Roinn gur léir nach raibh aon bhaol ann go gcuirfí isteach ar na héin uisce ag Loch Bhaile an Dúlaigh toisc nach mbeidh an pléascadh á dhéanamh le linn thréimhse an gheimhrithe.

4.8.4 Tarraingíodh anuas na pointí sin sna haighneachtaí/hagóidí seo a leanas:

An tAonad Iarratais Forbartha, an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta [S_018.1 agus S_018.2]

Freagra

4.8.5 D’ainneoin aighneachta na Roinne (S_018.2) ina luaitear gur léir nach bhfuil aon bhaol ann go gcuirfí isteach ar na héin uisce ag Loch Bhaile an Dúlaigh toisc nach mbeidh an pléascadh á dhéanamh le linn thréimhse an gheimhrithe, chun amhras a sheachaint, tá freagra ar na ceisteanna a tarraingíodh anuas in S_018.1 ar fáil thíos.

Uainiú na ngníomhaíochtaí tógála ag Cairéal Leacaigh

- 4.8.6 Lena dhearbhu, níl aon cheanglas ann chun uainiú an phléasctha a shrianadh lena chinntiú nach gcuirfí isteach ar Fhabhcúin Ghorma atá ag neadú. De réir na mbeart maolaithe a bhaineann leis an bhFabhcún Gorm ag Cairéal Leacaigh (i gCuid 8.6.9.1.1 den TMTT) leagadh amach cheana féin go gcuirfear tús leis na hoibreacha tógála idir Tollán Leacaigh atá beartaithe agus Acomhal Bhóthar Áth Cinn an N84 roimh lár mhí Feabhra, ionas go mbeadh tionchar ag leibhéal an tsuaite de bharr na tógála ar an áit a roghnóidh an Fabhcún Gorm dá nead ar an gcéad dul síos.
- 4.8.7 Ní chuirtear uainiú an phléasctha san áireamh ach maidir le héin gheimhrithe ag Loch Bhaile an Dúlaigh amháin (mar a leagtar amach i gCuid 8.6.9.2.1 den TMTT). Déanfar na hoibreacha pléasctha a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe a thógáil ar an mbealach isteach thoir chuig Cairéal Leacaigh (Ch. 11+800 go Ch. 12+100) idir míonna Aibreáin agus Mheán Fómhair (agus an dá mhí sin san áireamh) chun cur isteach ar éin gheimhrithe a íoslaghdú ag Loch Bhaile an Dúlaigh. Tá an pléascadh a bhaineann le Tollán Leacaigh a thógáil lasmuigh den réimse tionchair do na héin gheimhrithe ag Loch Bhaile an Dúlaigh. Dá bhrí sin, féadfar tosú leis na hoibreacha tógála ag Tollán Leacaigh roimh lár mhí Feabhra.

4.9 Bearta Maolaithe agus Monatóireacht

Ceisteanna

- 4.9.1 Tarraingíodh anuas na ceisteanna seo a leanas:
- Ba chóir go mbeadh sé soiléir nach mór na tiomantais agus na bearta maolaithe ábhartha uile a chur i bhfeidhm, ón tús, i leith gach coda den fhorbairt chomh fada agus is féidir, lena n-áirítear oibreacha, ullmhú suíomhanna agus réamhchonarthaí a chumasú, agus ag céim na tógála chomh maith
 - Caithfidh éiceolaithe inniúla a bheith rannpháirteach go díreach ag gach céim den tionscadal. Gealladh go mbeadh Éiceolaí Tionscadail ar fhoireann an Fhostóra; tugtar faoi deara go ndéantar tagairt do Chléireach Oibreacha Éiceolaíochta sna hagusíní chomh maith. Beidh éiceolaithe ag teastáil ón bpríomhchonraitheoir chomh maith, agus caithfear maoirseacht éiceolaíochta a dhéanamh ar na conraitheoirí eile
 - An fhéidearthacht go dtarlódh coimhlint maidir le huainiú chuid de na bearta maolaithe éiceolaíochta
 - Sceideal níos soiléire a sholáthar maidir leis na tiomantais agus freagrachtaí monatóireachta
 - D'fhéadfadh cúrsaí breise nua teacht chun cinn de thoradh suirbhéanna a athdhéanamh sula dtosófar na hoibreacha agus ba chóir go léireofaí go soiléir conas a phléifear leo sin agus conas a dhéanfar iad a bhainistiú

- Aithnítear an tábhacht a bhaineann le monatóireacht agus gníomh ceartaitheach tráthúil agus éifeachtach a ghlacadh de réir mar a thagann fadhbanna chun cinn, i gcur i gcrích rathúil na mbeart maolaithe
- Ba chóir go bhforbrófaí córais mhapála idirghníomhacha nó fíor-ama/bheo, b'fhéidir i gcomhar le 'ceadanna oibre' agus aontú ón Éiceolaí Tionscadail maidir le cur i gcrích agus feidhmiú ceart na mbeart
- Ba chóir smaoineamh ar thuarascálacha a chur ar fáil faoi chur i bhfeidhm na mbeart agus monatóireacht a dhéanamh orthu, lena n-áirítear don tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, trí shuíomh gréasáin tiomanta
- Ba chóir mapáil a dhéanamh ar shuíomhanna na bpríomhbheart maolaithe éiceolaíochta agus taifid a choimeád ar féidir iad a chur i gcomhéadan le, mar shampla, Córais Faisnéise Geografaí (GIS) agus córais phleanála na gComhairlí, ionas go mbeifí in ann iad a chur san áireamh agus a chosaint i dtionscadail agus pleananna amach anseo
- Ba chóir go bpléifí go tráthúil le haon cheisteanna maidir le neamhchomhlíonadh nó aon chúrsaí eile a thagann chun cinn

4.9.2 Tarraingíodh anuas na pointí sin san aighneacht/agóid seo a leanas:

An tAonad Iarratais Forbartha, an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta [S_018] (dar dáta an 21 Nollaig 2018)

Freagra

Bearta Deartha agus Maolaithe

4.9.3 D'fhonn cabhrú chun plé leis na ceisteanna a tarraingíodh anuas maidir le bearta maolaithe, agus chun tagairt dóibh a éascú, tugtar achoimre thíos ar na bearta deartha agus maolaithe chun críocha na Measúnachta Cuí. Airítear leo sin bearta deartha agus maolaithe chun a chinntiú nach mbeidh tionchar ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar chuspóirí caomhnaithe na ceithre shuíomh Eorpacha laistigh de Chrios Tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe. Ba chóir a lua arís nár cuireadh na bearta maolaithe san áireamh mar chuid de Mheasúnú Scagtha Chéim a hAon a rinneadh ar son an iarratasóra i gcomhair ceada.

4.9.4 Is iad seo a leanas na bearta deartha a shonraítear i gCuid 2.6 agus a dtugtar achoimre orthu i gCuid 10 den RTN:

- gnáthóga sa phábháil aolchloiche QI agus san Fhéarach cailcreach araon atá ina leas cáilitheach a chosaint atá laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe agus cSAC Loch Coirib araon, lena n-áirítear gan aon fhálú buan a chur sa limistéar sin
- dearadh réise soiléire Dhroichead Abhainn na Gaillimhe atá beartaithe

- áirítear le dearadh an chórais draenála maolú, sreabhrialú agus cóireáil truaillithe chun an baol go gcuirfí isteach ar cháilíocht screamhuisce nó uisce dromchla a íoslaghdú
- dearadh cúramach na forbartha bóthair atá beartaithe chun a chinntiú go gcosnófaí na córais hidreolaíocha agus hidrigeolaíocha atá ann cheana féin
- modheolaíocht tógála mhionsonraithe a chuimsiú maidir le Tollán Leacaigh atá beartaithe, lena gcinnteofar nach gcuirfear isteach ar shláine struchtúrach na carraige aolchloiche forshraithnaithe ná ar an gcóras hidrigeolaíoch atá ann cheana féin agus nach mbeidh aon tionchair ar ghnáthóga Iarscríbhinn I atá i ngar don bhealach aniar chuig an tollán mar thoradh ar an mballa coinneála atá sannaithe don áit sin
- Gan soilsiú a chur feadh Dhroichead Abhainn na Gaillimhe atá beartaithe,
- Dearadh an tsoilsiú atá beartaithe do na páirceanna imeartha atá beartaithe ag OÉG chun an méid a chuirtear isteach ar na speiceas uisceacha atá ina leas cáilitheach ar chonair Abhainn na Gaillimhe i cSAC Loch Coirib a íoslaghdú

4.9.5 Is iad seo a leanas na bearta maolaithe a shonraítear i gCuid 10 den RTN:

- bearta lena chinntiú nach gcuirfear isteach ar shláine struchtúrach na buncharraige aolchloiche a thacaíonn leis na gnáthóga sa Phábháil aolchloiche agus san Fhéarach Cailcreach i cSAC Loch Coirib de thoradh ar na hoibreacha tógála atá beartaithe le haghaidh Thollán Leacaigh
- bearta lena chinntiú nach gcuirfear isteach ar na dálaí screamhuisce reatha, le linn chéim na tógála ná chéim na hoibríochta, i ndobharlaigh screamhuisce a bheidh á dtrasnú ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe
- bearta lena chinntiú go gcosnófar cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha nuair a bheidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe á tógáil
- bearta lena chinntiú go ndéanfar aon deannach a chruthófar le linn na tógála a rialú agus a choimeád faoi smacht
- plean bainistíochta maidir le speicis ionracha neamhdhúchasacha a fhorbairt sa Phlean Bainistíochta Comhshaoil don Tógáil chun a chinntiú go ndéanfaí speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha a rialú
- bearta maolaithe lena chinntiú nach dtugtar ábhair thógála isteach in Abhainn na Gaillimhe de thaisme le linn na tógála
- bearta ionas nach marófaí aon Mhadraí Uisce de bharr imbhuailtí tráichta ar bhóithre agus nach gcuirfí bac ar ghluaiseacht (i.e. pasáiste sábháilte agus fál do mhamaigh)
- srianta séasúracha ar phléascadh i ngar do Loch Bhaile an Dúlaigh chun tionchair suaite/dílártaíthe ar éin gheimhrithe a íoslaghdú le linn na tógála

Soiléiriú ar na bearta maidir le dearadh an chórais draenála

- 4.9.6 Dearadh an fhorbairt bóthair atá beartaithe ón tús chun tionchair a íoslaghdú, ar an gcéad dul síos, trí bhearta deartha a chomhtháthú i ndearadh an bhóthair a mhéid is féidir.
- 4.9.7 Déantar cur síos i gCuid 2 den RTN ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe, lena n-áirítear bearta deartha atá ann chun an comhshaol a chosaint. Sraith beart amháin den sórt sin ná bearta maolaithe, sreabhrialaithe agus cóireála truailithe a chuimsiú i ndearadh an chórais draenála lena gcosnófar cáilíocht an uisce nuair a bheidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe i bhfeidhm. Tá tuairisc mhionsonraithe orthu sin i gCuid 2.4 agus Cuid 2.6.1 den RTN.
- 4.9.8 Déantar measúnú i gCuid 6 den RTN ar thionchair fhéideartha na forbartha bóthair atá beartaithe agus mínítear go mion i gCuid 6.4.1 an fáth, agus dearadh an chórais draenála á chur san áireamh, nach mbeidh aon tionchair shuntasacha ar cháilíocht an uisce ná ar an gcóras hidreolaíoch. Tacaítear leis an measúnú sin le hanailís mhionsonraithe atá le fáil in Aguisín B den RTN.
- 4.9.9 Ar an mbonn sin, toisc nach mbeidh aon tionchair shuntasacha i dtaca le cáilíocht an uisce oibríochta, ós rud é go gcuimseofar bearta deartha san fhorbairt bóthair atá beartaithe, ní dhéanfar a thuilleadh measúnaithe ar an tionchar féideartha sin sa chuid eile den phlé a dhéanfar ar an RTN.
- 4.9.10 Chun amhras a sheachaint, is féidir a dhearbhuí nach mbeidh aon tionchair shuntasacha ar cháilíocht an uisce de thoradh fheidhmiú na forbartha bóthair atá beartaithe toisc go bhfuil bearta deartha iomchuí á gcur san áireamh, agus go dtugtar bunús maith agus bonn cirt do na bearta sin sa RTN agus in Aguisín B a ghabhann leis. Tá na bearta don chóras draenála ina ngnáthbhearta a leagtar amach i bhFoilseacháin Bhonneagar Iompair Éireann DN-DNG-03066 agus DN-DNG-03022 maidir le draenáil agus glactar leo mar chleachtas caighdeánach i ndearadh bóithre.

Soiléiriú maidir le Tiomantais Maolaithe agus Monatóireacht

- 4.9.11 Lena dhearbhuí, i gcás go dtabharfar cead, cuirfear na tiomantais agus na bearta maolaithe ábhartha uile i bhfeidhm, ón tús, i leith gach coda den fhorbairt bóthair atá beartaithe de réir mar a cheadaítear, lena n-áirítear oibreacha, ullmhú suímh agus réamhchonarthaí a chumasú, agus ag céim na tógála chomh maith.

Éiceolaí Tionscadail

- 4.9.12 Leagtar amach an ceanglas atá ar an gconraitheoir éiceolaí/éiceolaithe a fhostú i gCuid 5 den Phlean Bainistíochta Comhshaoil don Tógáil, a chuirtear san áireamh mar Aguisín A.7.5 de TMTT. Beidh sé de fhreagracht ar an mBainisteoir Comhshaoil Suímh, a cheapfaidh an gconraitheoir, comhairle agus seirbhísí saineolaithe éiceolaíoch a bheidh cáilithe go cuí a fháil chun maoirseacht a dhéanamh ar ghnéithe de na hoibreacha tógála atá leochaileach ar bhonn éiceolaíoch, ar cheanglais ceadúnaithe maolaithe éiceolaíoch agus ar mhonatóireacht éiceolaíoch. Pléifear go pras le haon cheisteanna maidir le neamhchomhlíonadh nó aon chúrsaí eile a thagann chun cinn chun comhlíonadh na

straitéise maolaithe agus na gceanglas uile a bhaineann le ceadúnas maolaithe a chinntiú.

- 4.9.13 Beidh Foireann Monatóireachta Suímh ag Comhairle Chontae na Gaillimhe/Bonneagar Iompair Éireann, lena gcuimseofar Éiceolaí Tionscadail (féach ar Chuid 1.1 agus Cuid 5 den Plean Bainistíochta Comhshaoil don Tógáil). Beidh an tÉiceolaí Tionscadail ar fáil i rith chéim tógála Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe atá beartaithe, lena n-áirítear aon réamhoibreacha amhail seirbhísí a atreorú nó trinseáil thrialach seandálaíochta.

Uainiú na mbeart maolaithe éiceolaíochta agus Tiomantais agus freagrachtaí monatóireachta

- 4.9.14 Maidir le tiomantais agus freagrachtaí monatóireachta, de bhun alt 51C d’Acht na mBóithre, 1993 (arna leasú) (“Acht 1993”), i gcás ina gceadaíonn an Bord scéim faoi alt 51 d’Acht 1993 tá sé de dhualgas ar an iarratasóir (Comhairle Chontae na Gaillimhe sa chás seo) an méid a leanas a dhéanamh:

- (i) aon mhionathruithe/choinníollacha arna sonrú ag an mBord in aon ordú/orduithe le haghaidh ceada a chomhlíonadh (lena n-áireofaí aon choinníollacha ina mbeadh monatóireacht i gceist)
- (ii) aon mhionathruithe/choinníollacha arna sonrú amhlaidh a chur in iúl do Bhoneagar Iompair Éireann (TII).

Luaitear in Alt 51D d’Acht 1993 go nglacfaidh TII gach céim réasúnta chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh an forbróir [Comhairle Chontae na Gaillimhe] na mionathruithe agus na coinníollacha arna sonrú san fhógra arna fháil ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe (i.e. na mionathruithe/coinníollacha arna sonrú ag an mBord). Dá bhrí sin, i gcás go ndéanfaí N6 GCRR a cheadú, tar éis fhógra foirmiúil Chomhairle Chontae na Gaillimhe do TII, beidh ar TII gach céim réasúnta a ghlacadh chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe aon mhionathruithe/choinníollacha arna sonrú in ordú/orduithe an Bhoird maidir le N6 GCRR.

- 4.9.15 Chun tuilleadh soiléirithe a sholáthar ar na srianta séasúracha agus ar an uainiú a bhaineann leis na bearta maolaithe éiceolaíochta éagsúla, cuirtear sceideal imlíneach de na bearta maolaithe agus na tiomantais monatóireachta san áireamh mar Aguisín A leis an ráiteas fianaise seo.

Impleachtaí suirbhéanna deimhniúcháin

- 4.9.16 I bhfianaise an aga moille idir suirbhéanna a chur i gcrích agus, i gcás go dtabharfaidh an Bord cead, tosú na tógála, beidh gá le roinnt suirbhéanna réamhthógála a dhéanamh chun an bonnlíne comhshaoil a dheimhniú mar a shonraítear i doiciméid an iarratais. Sa chás go dtiocfadh aon cheisteanna nua chun cinn mar thoradh ar shuirbhéanna réamhthógála, pléifear leo sin agus déanfar iad a bhainistiú i gcomhréir leis na bearta maolaithe a leagtar amach i gCuid 10 den RTN. Mar shampla, agus an plean bainistíochta maidir le speicis ionracha neamhdhúchasacha á chur i bhfeidhm déanfaidh saineolaithe iomchuí, a bheidh ábalta na speicis neamhdhúchasacha a aithint, suirbhéanna réamhthógála deimhniúcháin chun na suirbhéanna atá ann cheana féin a nuashonrú trí aon athrú i ndáileadh na speiceas neamhdhúchasach a aithint idir na suirbhéanna ar

ghnáthóga arna ndéanamh chun faisnéis a chur ar fáil don Mheasúnacht Chúí agus tosú na n-oibreacha.

An tábhacht a bhaineann le monatóireacht agus gníomh ceartaitheach

- 4.9.17 Aithnítear éifeachtúlacht na monatóireachta i gcur i gcrích rathúil na mbeart maolaithe a shonraítear i Sceideal na dTiomantas Comhshaoil. Tá monatóireacht agus cothabháil ina bpríomhchuid de go leor de na straitéisí maolaithe a shonraítear sa RTN. Mar shampla, déantar foráil sa RTN do mhonatóireacht i dtaca leis an modheolaíocht tógála do Thollán Leacaigh atá beartaithe (Cuid 10.2.1 agus Aguisín F leis an RTN), na saoráidí chun truailliú a rialú le linn na tógála (10.3.1.1 den RTN) agus prótacal monatóireachta carst (Codanna 10.3.1.2 agus 10.3.1.3 agus Aguisín C den RTN). Is é an cuspóir atá leis an monatóireacht sin ná cur i bhfeidhm éifeachtach na mbeart maolaithe a mholtar sa RTN a dhearbhu, ar tugadh léiriú soiléir ar a n-éifeachtacht cheana féin i ndoiciméid an iarratais.

Iarratas ar fhaisnéis

- 4.9.18 Mar fhreagra ar na hiarratais ar chórais mhapála fíor-ama/bheo, tuarascálacha a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm agus monatóireacht na mbeart, mapáil a dhéanamh ar shuíomhanna na bpríomhbheart maolaithe éiceolaíochta agus iad a chur i gcomhéadan le córais phleanála agus GIS an údaráis phleanála, agus monatóireacht a dhéanamh ar an tardhroichead fiadhúlra agus ar phlandú na bhfálta a leanfaidh ar feadh cúig bliana, tá an méid seo a leanas á mholadh ag Comhairle Chontae na Gaillimhe:

- Forbrófar córas mapála GIS, le cur ar chumas an Éiceolaí Tionscadail dul chun cinn, cur i gcrích agus monatóireacht na mbeart maolaithe éiceolaíochta a rianú.
- Ag deireadh gach míosa, déanfar aon mhapáil a bhaineann le bearta maolaithe éiceolaíochta, lena n-áirítear torthaí ar shuirbhéanna réamhthógála (e.g. suíomhanna brocaisí Broic) nó athruithe deartha le haghaidh bearta maolaithe (e.g. athrú ar shuíomh na brocaise Broic saorga) a uaslódáil chuig an suíomh gréasáin tiomanta. Ina theannta sin, ag deireadh gach mí déanfar aon tuarascálacha ar mhonatóireacht éiceolaíochta a uaslódáil chuig an suíomh gréasáin tiomanta.
- D’ainneoin an pointe thuas, cuirfear tuarascálacha ar mhonatóireacht éiceolaíochta faoi bhráid an Údaráis Phleanála agus déanfar iad a chóipeáil chuig an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.
- I gcomhar le ‘ceadanna oibre’, aontóidh an tÉiceolaí Tionscadail le cur i gcrích agus feidhmiú ceart na mbeart, i gcás ina bhfuil oibreacha i suíomhanna atá leochaileach ó thaobh na héiceolaíochta de nó ina bhfuil gníomhaíochtaí ar siúl atá leochaileach ó thaobh na héiceolaíochta de, ar cosúil go gcuimseofaí an méid seo a leanas leo sin, ach gan a bheith teoranta dóibh seo amháin:
 - oibreacha a bhaineann le fásra a bhaint/suíomh a ghlanadh
 - oibreacha a bhaineann le fálú a chur mórthimpeall an tsuímh

- oibreacha in aice le cSAC Loch Coirib nó istigh ann
 - oibreacha in aice le haon sruthchúrsaí nó istigh iontu
 - oibreacha in aice le suíomhanna póraithe, scíthe nó geimhriúcháin aitheanta aon cheann de na speicis atá faoi chosaint faoi na Rialacháin maidir le hÉin agus Gnáthóga 2011 nó faoin Acht Fiadhúlra, go háirithe ialtóga agus madraí uisce, nó istigh sna suíomhanna sin
 - oibreacha in áiteanna ina bhfuil bearta feabhsúcháin (lena n-áirítear gnáthóg a chruthú/a fheabhsú nó boscaí ialtóg nó neadaireachta a sholáthar) á moladh
 - oibreacha in aice le suíomhanna bronntacha agus gabhdóra, nó laistigh díobh, arna n-aithint chun gnáthóg chúiteach a chruthú, go dtí go mbeifear tar éis aon ábhar bronntach a bheidh ag teastáil do na suíomhanna gabhdóra a iompar
- Chomh luath is a bheidh bearta maolaithe éiceolaíochta curtha ar bun agus i bhfeidhm, seolfar comhaid mhapála GIS faoina suíomhanna deiridh mar a tógadh iad chuig an Éiceolaí Tionscadail lena n-uaslódáil ar chórais phleanála agus GIS an Údaráis Áitiúil.
 - Bheadh an-chuid oibre i gceist le córais mhapála fíor-ama/bheo nó idirghníomhacha a sholáthar agus a bhainistiú. Meastar nach gá agus nár iomchuí córais dá leithéid a sholáthar i bhfianaise na moltaí thuas lena mbainfí amach an fheidhm, an cuspóir agus na torthaí céanna is a mbainfí amach le córas mapála fíor-ama/beo.

Feidhmiú agus comhlíonadh agus amscála na monatóireachta agus na cothabhála maidir le bearta maolaithe

- 4.9.19 Cosúil leis an méid a leagtar amach in alt 4.9.14 thuas, i gcás go gceadóidh an Bord an fhorbairt bóthair atá beartaithe, tá dualgas ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe aon mhionathruithe/choinníollacha arna sonrú ag an mBord in aon ordú/orduithe le haghaidh cead a chomhlíonadh (lena n-áireofaí aon choinníollacha lena mbeadh monatóireacht i gceist); agus aon mhionathruithe/choinníollacha a chur in iúl do TII.

Is cion é mainneachtain i gcomhlíonadh na bhforálacha seo.

Ina theannta sin, mar a luaitear in alt 4.9.14 thuas, de bhun alt 51D d’Acht 1993, glacfaidh TII gach céim réasúnta chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh an forbróir [Comhairle Chontae na Gaillimhe] na mionathruithe agus na coinníollacha.

- 4.9.20 Pléifear go pras le haon cheisteanna maidir le neamhchomhlíonadh nó aon chúrsaí eile a thagann chun cinn.

4.10 Comhlíonadh na Treorach maidir le Gnáthóga agus Bhreithiúnais Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

Ceisteanna

- 4.10.1 Tarraingíodh anuas na ceisteanna seo a leanas:

- Comhlíonadh cheanglais na Treorach maidir le Gnáthóga agus bhreithiúnais Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le Measúnacht Chúí.

4.10.2 Tarraingíodh anuas na pointí sin sna haighneachtaí/hagóidí seo a leanas: S_058; Ob_451_489; S_006 agus S_010

Freagra

4.10.3 Cé gur ceist don aighneacht dlí í seo go príomha, ullmhaíodh an measúnú a cuireadh faoi bhráid an Bhoird Pleanála sa Tuarascáil Scagtha ar Mheasúnacht Chúí agus sa RTN i gcomhréir leis an treoir reatha maidir le dea-chleachtas agus na ceanglais dhlíthiúla arna leagan amach sa chásdlí a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag tionscadail ar shuíomhanna Eorpacha faoi Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga. Sna doiciméid sin, i gcomhar leis an bhfaisnéis a cuireadh faoi bhráid an Bhoird Pleanála an 30 Lúnasa 2019 trí bhíthin freagra ar a n-iarratas ar fhaisnéis bhreise, cuirtear an fhaisnéis uile i láthair a d'iarr an Bord Pleanála chun Measúnacht Scagtha Chéim a hAon agus Measúnacht Chúí Chéim a Dó araon a dhéanamh ar an bhforbairt atá beartaithe de réir dlí.

4.11 Tionchair Tógála ar cSAC Loch Coirib

Ceisteanna

4.11.1 Tarraingíodh anuas na ceisteanna seo a leanas:

- An baol go ndéanfaí díobháil do cSAC Loch Coirib de bharr tollánú ag Cairéal Leacaigh
- Bóthar a thógáil laistigh de Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta

4.11.2 Tarraingíodh anuas na pointí sin sna haighneachtaí/hagóidí seo a leanas: Ob-584; S_074 agus S_048

Freagra

An baol go ndéanfaí díobháil do cSAC Loch Coirib de bharr tollánú ag Cairéal Leacaigh

4.11.3 Cinnteofar leis an dearadh, modheolaíocht tógála agus straitéis maolaithe do Thollán Leacaigh (a mhionsonraítear in Aguisín F a ghabhann leis an RTN) nach mbeidh aon tionchair ag tógáil Thollán Leacaigh atá beartaithe ar an struchtúr carraige forshraithnaithe, ar an uisceach screamhuisce foshraithnaithe, ar na gnéithe fála uisce dromchla agus an soláthar uisce áitiúil, ná ar aon ghnáthóga ná speicis lena dtacaíonn siad chun an bonn a bhaint de chuspóirí caomhnaithe cSAC Loch Coirib. Dá bhrí sin, ní bheidh aon tionchar díobhálach ag tógáil ná feidhmiú Thollán Leacaigh ar shláine cSAC Loch Coirib.

Bóthar a thógáil laistigh de cSAC

4.11.4 Rinneadh na gnéithe uile den fhorbairt bóthair atá beartaithe a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar an gcomhshaol fála agus ar aon suíomhanna Eorpacha, ina n-aonair nó in éineacht le pleananna nó tionscadail eile, lena n-áirítear cSAC Loch Coirib,

a aithint sa TMTT agus sa RTN. Dearadh an fhorbairt bóthair atá beartaithe agus an straitéis maolaithe chun a chinntiú nach mbeidh aon tionchair acu ar leasanna cáilitheacha aon suíomhanna Eorpacha lena mbainfí an bonn dá gcuipóirí caomhnaithe agus, dá bhrí sin, cinnteofar nach mbeidh aon tionchar díobhálach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar shláine aon suíomhanna Eorpacha, lena n-áirítear cSAC Loch Coirib.

4.12 Tionchair ar ghnáthóga Iarscríbhinn I

Ceisteanna

4.12.1 Tarraingíodh anuas na ceisteanna seo a leanas:

- Gnáthóga Iarscríbhinn I a chailliúint go ginearálta
- An tionchar ar Loch Bhaile an Dúlaigh

4.12.2 Tarraingíodh anuas na pointí sin san aighneacht/agóid seo a leanas: S_074.

Freagra

Gnáthóga Iarscríbhinn I a chailliúint go ginearálta

4.12.3 I bhfianaise na tábhachta a bhaineann le gnáthóga Iarscríbhinn I a chaomhnú, cuireadh príomhshrianta i bhfeidhm le linn an phróisis roghnúcháin maidir le héiceolaíocht agus na tionchair ar na cineálacha gnáthóige leochailí sin a íoslaghdú, a mhéid arb iomchuí agus na srianta tábhachtacha eile ar fud na ndisciplíní eile á gcur san áireamh (mar a shonraítear in Alt 5.3.3 den Tuarascáil ar Bhealach a Roghnú).

4.12.4 Rinneadh breithniú iomlán ar thionchair na forbartha bóthair atá beartaithe ar ghnáthóga Iarscríbhinn I sa RTN (mar is ábhartha do mheasúnú a dhéanamh ar thionchair i gcomhthéacs na suíomhanna Eorpacha) Ní chaillfear aon ghnáthóg Iarscríbhinn I ó aon áit laistigh de na suíomhanna Eorpacha. Tugtar aghaidh ar na tionchair a bhaineann le gnáthóg Iarscríbhinn I a chailliúint lasmuigh de shuíomhanna Eorpacha i gCuid 3 agus Cuid 4.23 den ráiteas fianaise bithéagsúlachta don MTT.

An tionchar ar Loch Bhaile an Dúlaigh

4.12.5 Aithnítear an tábhacht a bhaineann le coimpléacs Loch Bhaile an Dúlaigh ó thaobh bithéagsúlachta de, lena n-áirítear éin agus ialtóga. Cuireadh an tábhacht éiceolaíochta a bhaineann leis an suíomh d'éin gheimhrithe, go háirithe, san áireamh sa straitéis maolaithe chun a chinntiú nach gcuirfí isteach ar na héin a úsáideann an coimpléacs gnáthóg ag Loch Bhaile an Dúlaigh agus nach ndéanfaí iad a dhíláithriú mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe (féach ar Chuid 10.8 den RTN go háirithe maidir le torann agus suaitheadh a mhaolú). Cinnteofar le sraith iomlán na mbeart maolaithe ar fud na ngabhdóirí éiceolaíochta leochaileacha uile go ndéanfar tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe ar Loch Bhaile an Dúlaigh a íoslaghdú a mhéid is féidir agus nach mbeidh aon tionchar díobhálach aici ar shláine aon suíomhanna Eorpacha.

4.13 Tionchair Dhíobhálacha ar Shláine cSAC Loch Coirib mar thoradh ar phléascadh agus tollánú

Ceist

- 4.13.1 Tarraingíodh anuas na ceisteanna seo a leanas:
- Deirtear go gcuirfí isteach ar an talamh dromchla lasnairde le pléascadh agus tollánú agus, dá bhrí sin, go mbeadh tionchair dhíobhálacha acu sin ar shláine cSAC Loch Coirib mar thoradh.
- 4.13.2 Tarraingíodh anuas na pointí sin san aighneacht/agóid seo a leanas: Ob_584.2.

Freagra

- 4.13.3 Aithnítear sa RTN (Cuid 6.2) mura gcuirfí bearta maolaithe i bhfeidhm, go bhféadfadh tionchar díobhálach a bheith ag tollánú faoi cSAC Loch Coirib agus gearrthacha móra a thochailt laistigh de cSAC Loch Coirib agus díreach in aice leis, ar shláine an tsuímh Eorpaigh sin. Tá tuairisc mhionsonraithe agus measúnú ar an tionchar féideartha sin i gCuid 9.1.4.2 den RTN.
- 4.13.4 Dearbhaítear sa RTN (Cuid 9.1.4.2) cé gur dearadh Tollán Leacaigh (Cuid 2.6.8) chun aon tionchair ar shláine struchtúrach na carraigmhaise atá ina taca do ghnáthóga na Pábhála aolchloiche agus an Fhéaraigh Chailcrigh os a cionn in cSAC Loch Coirib a sheachaint, moltar gur cheart maolú (Cuid 10.2 agus Aguisín F) agus monatóireacht (Cuid 10.2.1) a dhéanamh chomh maith chun cúinse sábháilteachta breise a thabhairt lena chinntiú nach mbeidh aon tionchair den sórt sin i gceist.
- 4.13.5 Baintear de thátal leis an RTN (Cuid 11.1.2) i bhfianaise dheardh na modheolaíochta tógála agus na mbeart maolaithe, nach mbeidh tionchair ag tógáil Thollán Leacaigh, na hoibreacha i gCairéal Leacaigh, ná aon tochailtí lena mbaineann ar feadh an Bhealaigh Isteach Thiar chuig an tollán, ar shláine struchtúrach na carraigmhaise atá ina taca do na gnáthóga atá ina leasanna cáilitheacha os a cionn nó in aice léi laistigh de cSAC Loch Coirib (i.e. Pábháil aolchloiche agus Féarach cailcreach) le linn na céime tógála ná na céime oibríochta den fhorbairt bóthair atá beartaithe.
- 4.13.6 Rinneadh measúnacht iomlán, agus mionchruinn, leis an RTN, ar an bhféidearthacht de charraig a phléascadh agus a thollánú ar cSAC Loch Coirib agus fuarthas nach mbeidh aon tionchair dhíobhálacha den sórt sin ar shláine cSAC Loch Coirib mar thoradh air.

4.14 Soiléiriú ar an ngaol idir pobail Chrú-ialtóg bheag

Ceist

4.14.1 Tarraingíodh anuas na ceisteanna seo a leanas:

- D'fhéadfadh na hialtóga taisteal ó láithreacha fara ag Caisleán Mhionlaigh go dtí na cinn ag Loch an Rois agus ag Teach Eborhall.

4.14.2 Tarraingíodh anuas na pointí sin san aighneacht/agóid seo a leanas: Ob_584.2.

Freagra

4.14.3 Chun cúrsaí a shoiléiriú, níl aon ghaol idir an pobal Crú-ialtóg bheag ag Caisleán Mhionlaigh agus na pobail atá ina leas cáilitheach ag cSAC Choillte agus Loch an Rois ná i cSAC Loch Coirib, mar a mhínítear i gCuid 6.1.2 den Fhreagra IFB.

5 Conclúid

- 5.1 Baineadh de thátal i dTuarascáil Scagtha na Measúnachta Cuí, a cuireadh isteach leis an iarratas ar chead, go bhfuil ceithre shuíomh Eorpacha laistigh de Chrios Tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe ar aithníodh na tionchair fhéideartha ina leith.
- 5.2 Go suntasach, mar a léirítear i dtuairisc mhionsonraithe sa RTN agus sna doiciméid tacaíochta, má chuirtear na bearta deartha agus maolaithe i bhfeidhm ní bheidh tionchair dhíobhálacha (go díreach ná go hindíreach) ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar shláine aon láithreáin Eorpaigh, léi féin nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile.
- 5.3 Mar fhreagra ar an Iarratas ar Fhaisnéis Bhreise (IFB) a fuarthas ón mBord Pleanála, cuireadh tuilleadh relevé ar fáil do gach áit ina bhforluíonn teorainn na forbartha le cSAC Loch Coirib. Ba é an t-aon athrú ábhartha do mhapáil gnáthóige an RTN ná limistéar breise de ghnáthóg pábhála Aolchloiche [*8240] a sainaitníodh i Mionlach (idir Ch. 10+050 agus Ch. 10+100), laistigh d'fhorluí idir teorainn na forbartha atá beartaithe agus cSAC Loch Coirib (tuairim is 205m²).
- 5.4 D'ainneoin na leasuithe a rinneadh ar an liosta SCInna do SPA Chuan Istigh na Gaillimhe in 2019¹⁰, agus na n-athruithe ar an mbonnlíne gnáthóige¹¹ agus na leasuithe ar dhearadh na forbartha bóthair atá beartaithe agus na straitéise maolaithe arna moladh, tá an seasamh fós mar a leagadh amach sa RTN, eadhon, nach mbeidh tionchar díobhálach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar shláine aon suímh Eorpaigh, léi féin nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile, agus nach bhfuil aon amhras eolaíoch réasúnach ann maidir leis an tátal sin.
- 5.5 D'fhéadfadh roinnt de na haighneachtaí agus agóidí a bheith ag baint leis na measúnachtaí faoin Treoir maidir le Gnáthóga a bheidh le déanamh ag an mBord. Tagann tromlach na gceisteanna a tarraingíodh anuas chun cinn ón gcéad aighneacht ón Aonad Iarratais Forbartha, an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta [S_018] (an 21 Nollaig 2018), inar luadh ceisteanna maidir leis na tionchair fhéideartha ar ghnáthóga in cSAC Loch Coirib, na tionchair hidrigeolaíochta ar cSAC Loch Coirib, an cur chuige chun measúnú a dhéanamh ar na cuspóirí caomhnaithe, na comhthionchair ar Mhadraí Uisce, an baol go mbuailfeadh éin droichead Abhainn na Gaillimhe atá beartaithe, maolú le haghaidh éan agus an próiseas chun a chinntiú go gcuirfear an maolú i bhfeidhm go héifeachtach. Tarraingíodh anuas ceisteanna breise i raon aighneachtaí eile, maidir le gnéithe den phróiseas roghnaithe bealaigh agus tosaíocht a thabhairt do thionchair ar dhaoine seachas ar bhithéagsúlacht, reachtaíocht agus cásdlí a chomhlíonadh, tionchair na tógála ar cSAC Loch Coirib agus tionchair na forbartha ar ghnáthóga Iarscríbhinn I.

¹⁰ I.R. Uimh. 515/2019

¹¹ De thoradh ar obair suirbhé a rinneadh i samhradh 2019, mar a léiríodh sa Fhreagra IFB, Aguisín A.3.1 Suirbhéireachta Gnáthóige 2019 do Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe, IFB Imleabhar 2.

- 5.6 Rinneadh breithniú iomlán leis an ráiteas fianaise seo ar gach ceann de na ceisteanna a tarraingíodh anuas sna haighneachtaí agus agóidí sin agus tá freagra ar gach ceann díobh le fáil ann. Tar éis machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna a tarraingíodh anuas agus ar na freagraí a tugadh, baineadh de thátal fós leis an RTN nach gcruthófar baol leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe de thionchar díobhálach (go díreach nó go hindíreach) ar shláine cSAC Loch Coirib.
- 5.7 Dá réir sin, i ngach cás, tá sé de chumas ar an mBord:
- Measúnacht Scagtha Chéim a hAon a dhéanamh agus cinneadh a dhéanamh –
 - (i) gan an fhéidearthacht de thionchair shuntasacha ar cheithre shuíomh Eorpacha atá laistigh de Chríos Tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe – cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan Istigh na Gaillimhe – a chur as an áireamh
 - (ii) tá Measúnacht Chúí Chéim a Dó riachtanach le haghaidh na forbartha bóthair atá beartaithe maidir leis na ceithre láithreán Eorpacha sin – toisc nach féidir í a chur as an áireamh, ar bhonn na faisnéise oibiachtúla, go mbeidh tionchar suntasach ag an bhforbairt atá beartaithe, léi féin nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile, ar na ceithre láithreán Eorpacha sin;
 - Measúnacht Chúí Chéim a Dó a dhéanamh agus cinneadh a dhéanamh –
 - (iii) nach mbeidh tionchar díobhálach (go díreach ná go hindíreach) ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar shláine aon suímh Eorpaigh agus nach bhfuil aon amhras eolaíoch réasúnach faoin tátal sin.
- 5.8 Go deimhin, baineadh de thátal nach mbeadh aon tionchar díobhálach ar shláine aon suímh Eorpaigh tar éis imscrúdú, anailís agus measúnú a dhéanamh i bhfianaise an eolais eolaíoch is fearr ar an bhfaisnéis ábhartha ar fad faoi na Leasanna Cáilitheacha, gnáthóga agus speicis sna ceithre láithreán Eorpacha laistigh de Chríos Tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe, faoi na tionchair fhéideartha agus na bearta maolaithe, agus faoi cibé an rachadh na tionchair atá á dtuar i bhfeidhm ar na cuspóirí caomhnaithe a thacaíonn le staid chaomhnaithe na leasanna cáilitheacha atá i gceist nó nach rachadh.